



# Tuarascáil Bhliantúil 2018

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

114

32

In 2018, maraíodh 114 fear agus 32 ban ar na bóithre

I gcomparáid le 156 bhás in 2017, is e sin laghdú

6%

## Athbhreithniú ar shábháilteacht ar bhóithre 2018*

# Fuair 146 dhuine bás san iomlán in 2018.

*Is figiúirí sealadacha na figiúirí i leith 2018 agus tá siad faoi réir athruithe. Bailí amhail an 16 Iúil 2019.

### Básanna taistealaithe feithiclí

80

Laghdú

**8%**

ar bhásanna tiománaithe, síos ó 65 go 60

Laghdú

**23%**

ar bhásanna paisinéirí, síos ó 26 go 20

### Básanna úsáideoirí bóithre leochaileacha

42

Méadú 35% ar 2017

15

Laghdú 25% ar 2017

9

Laghdú 36% ar 2017

NÍ RAIBH

**34%**

de thiománaithe agus de phaisinéirí a maraíodh ag caitheamh creasa sábhála

Ba choisithe iad beagnach 1 as 3 úsáideoirí bóithre a maraíodh

DOM

Ba é an Domhnach an lá ba chontúirtí den tSeachtain (32 bhás)

Tharla 2 as 5 bhás idir 12in agus 8in

# Clár Ábhar


02 Ráiteas an Chathaoirligh

04 Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

06 Comhaltaí an Bhoird

09 An Fhoireann Bhainistíochta

10 Réamhrá

12 Plean Corparáideach 2016–2020

14 Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 -2020 an Rialtais.

15 Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2018

20 Feachtais Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

25 Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre

26 Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre

28 Oideachas Tiománaithe faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

30 Buaicphointí ó 2018

32 Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

40 Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú

44 Caighdeáin Feithiclí

46 Seirbhísí Corparáideacha agus Tacaíochta RSA

47 Ár nDaoine

50 Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

55 Na Ráitis Airgeadais

92 Eagraíochtaí agus Daoine Aonair a bhfuil Buíochas Tuillte Dóibh

# Ráiteas an Chathaoirligh

**Nuair a bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2006, ba é an príomhchúram a bhí aige líon na mbásanna agus gortuithe a laghdú ar bhóithre na hÉireann agus iad a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir. Ó shin i leith, bhí laghdú 60% i mbásanna ar bhóithre. Tá an sainchúram atá orainn básanna a laghdú chomh tábhachtach anois agus a bhí sé ag an tús 12 bhliain ó shin.**



**Liz O'Donnell**
*An Cathaoirleach*

In 2018 chonaic muid laghdú i líon na mbásanna ar bhóithre don dara bliain i ndiaidh a chéile. Anois tá muid sa dara háit, in éineacht leis an Danmhairg mar cheann de na tíortha is sábháilte san Eoraip. Is rud dearfach é sin, ach níl sé ag éirí níos fusa básanna ar ár mbóithre a laghdú - níl aon 'bhua gasta' fágtha. Caithfimid leanúint ar aghaidh.

Tá daoine ceanndána ann fós a chuireann iad féin agus úsáideoirí bóithre eile i mbaol trí bheith ag dul i ngleic le "hiompar marfach" amhail ag dul róthapa, ag tiomáint ar meisce nó faoi thionchar drugaí, ag baint úsáid as guthán póca agus iad a tiomáint, gan crios sábhála a chaitheamh, nó tiomáint chontúirteach. Ní féidir linn nó leis an tsochaí a bheith curtha ón sprioc chomhchoiteann atá againn toisc go bhfuil sé ag éirí níos dúshlánaí, mar is féidir níos mó beathaí a shábháil, agus gortuithe a chosc má leanann muid lenár n-iarrachtaí an "t-iompar marfach" sin a aimsiú agus má oibríonn muid chun iompar **gach úsáideoir bóithre** a dhéanamh níos fearr.

Chun sin a bhaint amach, cuireadh an *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 - 2020*de chuid an rialtais i bhfeidhm agus is é an sprioc atá ann básanna a laghdú go 124 nó níos lú faoi 2020. Baineann sé feidhm as na ceithre phríomhghné de shábháilteacht ar na bóithre - is iad sin, innealtóireacht, forfheidhmiú, oideachas agus meastóireacht.

Tá cuid mhór dár gcuid oibre dírithe ar oideachas - is é sin iompar aonair inghníomhaithe a chur in iúl atá le glacadh nó le hathrú. Tá muid á dtreorú ag sonraí, ag taighde agus ag síceolaíocht agus sinn ag forbairt idirghabhálacha, agus tá leas an phobail ag croílár ár ngníomhaíochtaí.

Ní féidir linn agus ní oibríonn muid inár n-aonar. Tá sé thar a bheith tábhachtach go n-oibríonn lucht déanta beartas, An Garda Síochána, Bonneagar Iompair Éireann, na húdaráis áitiúla, scoileanna, na meáin agus tusa, an t-úsáideoir bóithre, as lámh a chéile chun bóithre na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte.

*In 2018 chonaic muid laghdú ar líon na mbásanna ar bhóithre don dara bliain i ndiaidh a chéile. Anois tá muid sa dara háit, in éineacht leis an Danmhairg mar cheann de na tíortha is sábháilte san Eoraip.*

I ndáiríre, ní mór reachtaíocht um thrácht ar bhóithre a thabhairt isteach atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar thaighde. Ní mór oideachas a chur ar fáil agus na hiarmhairtí a mhíniú má leanann daoine ar aghaidh leis an "iompar marfach". Ní mór forfheidhmiú sofheicthe a bheith ann chun stop a chur le "hiompar marfach" amhail le tiomáint ar meisce. Tá comhréiteach agus aontú sochaíoch riachtanach chun difear a dhéanamh.

Léirigh Rialtais i ndiaidh a cheile an misneach chun dlíthe dochta a chur i bhfeidhm chun ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte, in ainneoin chur i gcoinne.

Is beartas lárnach é cur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre in Éirinn a chothaíonn pobal - pobail tuaithe agus uirbeacha araon - agus cosnaítear beathaí agus sláinte ár dteaghlach, ár gcomharsan, ár gcairde agus ár gcomhghleacaithe oibre.

Is mór an trua é go maíonn cuid dár n-ionadaithe poiblí go bhfuil na bearta dár gcuid um thiomáint ar meisce ró-dhian agus go bhfuil 'saol na tuaithe in Éirinn á scriosadh' acu. Níl ciall leis na dearcthaí sin nuair is léir ón bhfianaise go bhfuil baint ag alcól le 38% de thimpistí marfacha. Tá ár n-idirghabháil go léir chun úsáideoirí bóithre go léir idir thuaithe agus uirbeach a chosaint ó thiománaithe a leanann ar aghaidh le iompar marfach.

Níl na straitéisí um shábháilteacht ar bhóithre agus na gníomhaíochtaí a úsáideann muid d'aon ghnó chun úsáideoirí bóithre a aimsiú nó chun pionós a ghearradh orthu. Ina ionad sin, tá siad deartha chun **gach úsáideoir bóithre**i ngach ceantar sa tír a chosaint, trí bheartas eolach láidir arna thacú ag forfheidhmiú spriocthа agus éifeachtach. Tá sé de cheart ag gach duine úsáid a bhaint as bóithre poiblí gan eagla orthu faoina sábháilteacht féin nó faoi shábháilteacht a theaghlaigh. Tugann seo tús áite thar dearcadh leithleach duine éigin gur féidir leo cibé rud is maith leo a dhéanamh agus iad ag tiomáint, ar nós ag tiomáint faoi thionchar an óil.

Maidir linne, tá gach rud a dhéanann muid san RSA dírithe ar thráma ar na bóithre in Éirinn a laghdú ar bhealach inláimhsithe agus soiléir. Is é feachtas feasachta sna meáin chumarsáide an phríomhuirlis atá againn chun ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh. De bharr na straitéise taobh thiar dár seirbhís teachtaireachtaí poiblí tá athruithe intomhaiste, dearfacha, iompraíochta agus ó thaobh dhearcaidh ann.

Ní tharlaíonn athrú sóisialta thar oíche. Ní athraíonn sé gan cur in aghaidh. Ní tharlaíonn sé go díreach ag am na cumarsáide. Tarlaíonn sé nuair a dhéantar cinneadh i láthair na huaire, taobh amuigh de réimse na fógraíochta de ghnáth. Mar sin ní mór dúinn a bheith cinnte go mbíonn ár bhfógraíocht chomh 'tumthach' agus is féidir, rud a fhágann tionchar mothúchánach domhain chun é a bheith rathúil.

Thig linn a rá go muiníneach go n-éiríonn go sármhaith lenár gcuid feachtas maidir le feasacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach, agus mar thoradh orthu siúd rinneadh athruithe dearfacha ar iompar agus ar dhearcthaí um shábháilteacht ar bhóithre.

Is léir ón méid taighde a coimisiúnaíodh le deich mbliana anuas go gcreideann níos mó ná **90% d'aosaigh in Éirinn gurb í fógraíocht um shábháilteacht ar bhóithre an cúinse is tábhachtaí**i laghdú leanúnach ar bhásanna ar na bóithre. Sáraíonn an freagra sin na cúinsí go léir eile, lena n-áirítear pionóis chúirte, reachtaíocht um thrácht ar bhóithre, forfheidhmiú na ngardaí, tuairisciú sa nuacht, oideachas sna scoileanna agus fiú amháin dearaí agus gnéithe níos fearr sna carranna.

Ag ullmhú dúinn don am atá le teacht, is léir gur gá dúinn tosaíocht níos mó a thabhairt do úsáideoirí bóithre atá leochaileach. Cuimseofar sa chéad straitéis eile um shábháilteacht ar bhóithre gnéithe nua chun sochaí, timpeallacht agus stíl mhaireachtála atá ag athrú a chur san áireamh. Athrófar teicneolaíocht ár gcumais. Beidh tionchar ag an gclár oibre um athrú na haeráide freisin ar ár n-iarrachtaí. Ní mór machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar mhaith le daoine a saol a chaitheamh, agus an tsuim mhór atá i gcathracha sláintiúla agus i gcórais iompair phoiblí a chur san áireamh. Ní mór tús áite a a thabhairt don rothaíocht agus don choisíocht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach úsáideoir na mbóithre as sáriarracht a dhéanamh coinneáil slán ar na bóithre in 2018. Rinne sé an-difríocht, sábháladh beathaí agus coisceadh gortuithe. Ní mór dúinn cur leis an dul chun cinn i sábháilteacht ar bhóithre agus bheith mar eiseamláir do na glúnta atá le teacht agus do thíortha eile. Go raibh maith agat as ucht bhur gcuid tacaíochta.

*Is léir ón méid taighde a coimisiúnaíodh le deich mbliana anuas go gcreideann níos mó ná 90% d'aosaigh in Éirinn gurb í fógraíocht um shábháilteacht ar bhóithre an cúinse is tábhachtaí i laghdú leanúnach básanna ar na bóithre.*

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

**Is deacair a rá gur bliain rathúil a bhí in 2018 nuair a cailleadh 146 bheatha ar na bóithre. Ach, mar a luaigh mé cheana féin, is slat tomhais é líon na mbásanna ar na bóithre chun dul chun cinn a mheas. Tá sé tábhachtach chomh maith an pobal a chur ar an eolas go bhfuil na bóithre ag éirí níos sábháilte, go bhfuil ag éirí leis na bearta a glacadh isteach. Ní mór muid a insint don phobal go bhfuil ag éirí lena n-iarrachtaí beathaí a shábháil agus gur fiú leanúint ar aghaidh leo.**



**Moyagh Murdock**
*Príomhfheidhmeannach*

Seo an méid a tharla anuraidh. Sábháladh 10 mbeatha toisc gur ghlac daoine níos mó freagrachta agus iad ag úsáid na bóithre. Ba é sin laghdú 6% ar 2017 nuair a maraíodh 156 duine i dtimpistí bóithre marfacha.

Ba í an bhliain 2018 an bhliain is sábháilte ar na bóithre ó thosaíomar ag taifeadadh básanna ar na bóithre i 1959. Chaill muid 306 duine ar na bóithre in Éirinn an bhliain sin.

Ní mór an laghdú anuraidh a choimeád in 2019 má tá muid chun an sprioc atá leagtha síos sa *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* de chuid an rialtais - básanna a laghdú go 124 bhás nó níos lú - a bhaint amach.

In 2018 thug an t-Aire iompair, turasóireachta agus spóirt isteach bearta suntasacha a chuideoidh leis an sprioc sin.. Eadhon, dícháiliú uathoibríoch do thiománaithe a bhfuil leibhéal alcóil san fhuil idir 50 mg agus 80 mg agus an reachtaíocht nua maidir le tiománaithe nua gan tionlacan 'Leasú Clancy', a aimsíonn ní amháin tiománaithe faoi oiliúint, ach úinéir na feithicle a thugann go feasach feithicil ar iasacht do thiománaí gan tionlacan.

Bhí an feachtas gan stad a rinne teaghlaigh a chaill duine muinteartha i dtráma bóthair agus grúpaí ionadaithe Tacaíocht d'Íospartaigh freagrach as tabhairt isteach na ndlíthe nua sin. In 2019, leanfaidh muid ar aghaidh ag obair leis na NGOanna agus teaghlaigh a bhfuair duine muinteartha dá gcuid bás, chun ní amháin níos mó athruithe a éileamh ach chun fonn a chruthú sa phobal do na hathruithe sin.

In 2018 faoi dheireadh bhí muid in ann líon suntasach tástálaithe tiománaithe a earcú in am do thús na reachtaíochta nua. Tugadh deis dúinn an laghdú i líon na foirne a tharla de bharr daoine ag dul ar scor agus lánchosc earcaíochta ar fud na tíre a tugadh isteach le linn an chúlaithe eacnamaíoch a aisiompú. Thosaigh 52 tástálaí ag tástáil in 2018. Tugann earcú na dtástálaithe tiománaithe breise sin an líon iomlán de thástálaithe

*Sábháladh 10 mbeatha toisc gur ghlac daoine níos mó freagrachta agus iad ag úsáid na bóithre. Ba é sin laghdú 6% ar 2017 nuair a maraíodh 156 duine i dtimpistí bóithre marfacha.*

tiománaithe go 140 ag deireadh 2018 agus beidh méadú go 160 trí earcaíocht eile faoi Mhárta 2019.

Le foireann tástála tiománа a bhfuil na hacmhainní iomchuí aici, tá muid muiníneach gur féidir linn an tiomantas um sheirbhís do chustaiméirí atá socraithe againn a choimeád, eadhon coinne tástála tiománа a sholáthar taobh istigh de thréimhse feithimh 10 seachtaine ar an meán.

Chomh maith le tréimhse feithimh fheabhsaithe le haghaidh coinne tástála tiománа thosaigh muid ag cur na céad chéime de thionscadal ollmhór ar a dtugtar Aistear Comhtháite Custaiméara (ICJ) i bhfeidhm. Tá sé dírithe ar bhealach féinfhreastail a sholáthar do chustaiméirí ceadúnas tiománа agus tástála tiománа trí chéimeanna éagsúla sa phróiseas foghlama tiománа, ag fail réidh leis an riachtanas cuairt a thabhairt ar ionaid éagsúla an RSA, go minic níos mó ná uair amháin. Is cuma má roghnaíonn an custaiméir cuairt a thabhairt ar ionad nó dul ar líne, is é an sprioc atá ann an chuairt a dhéanamh chomh éifeachtúil agus is féidir ionas nach gá an fhaisnéis a thabhairt níos mó ná uair amháin. Chuaigh muid ar líne le Céim 1 den tseirbhís iarratais athnuachan ceadúnais i Meitheamh 2018 agus tá sé ar intinn againn go mbeidh muid go hiomlán ar líne do gach iarratas tiománа níos moille in 2019.

Sa deireadh beidh 'tairseach' ar líne ann lena ndéanfar an scrúdú um theoiric tiománа, an próiseas chead tiománа, ceachtanna tiománа éigeantacha, go dtí an iarratas deireanach ar cheadúnas tiománа iomlán a chomhtháthú agus i ndeireadh na dála ar cheadúnas tiománа gairmiúil den chéad scoth.

Ní fhéadfaí na hathruithe sin a dhéanamh gan ionchur ón bhfoireann dhíograiseach bhríomhar sa RSA. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann as an obair dhíograiseach a rinne siad chun na spriocanna corparáideacha agus sábháilteachta bóithre a thabhairt chun críche in 2018.

Maidir lenár gníomhaíochtaí Forfheidhmiú Feithiclí Tráchtála, dírigh muid aird ar an clár oibre um shábháilteacht ar bhóithre in 2018. Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí dár gcuid maidir leis an gclár oibre um shábháilteacht ar bhóithre a chur ar aghaidh: comhlíonadh rialacha a fheabhsú a bhaineann le tréimhsí tiománа agus agaí scíthe AE, tacagraif, CPC Tiománaithe agus ceadúnú oibreoirí iompair ar bhóthar, díriú ar oibreoirí a bhfuil droch-chuntas teiste acu maidir le comhlíonadh agus comhoibriú leis an nGarda Síochána maidir le seiceálacha ródacmhainneachta cois bóthair ar fheithiclí tráchtála. Rinne muid comhclár oiliúna in éineacht leis an nGarda Síochána in 2018 a bhí dírithe ar chór tráchta an Gharda Síochána maidir le forfheidhmiú um HCV, tacagraf, uaireanta tiománа agus ródacmhainneacht san áireamh. Leanfar leis an oiliúint seo i rith 2019 agus díreofar ar na príomhcheisteanna maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus ar thorthaí taighde chomh maith le riachtanais CVR.

Reáchtáladh an Chomhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mBealtaine 2018. Bhí grúpa ionadaíoch cainteoirí ann ón tionscal cairr go taighdeoirí eitice ag labhairt ar an téama 'Connected and Autonomous Vehicles (CAVs)' Ghlac siad siúd a bhí i láthair go dearfach leis an ábhar. In 2018 ghlac muid páirt i bhforbairt treoirlínte cuí do na féidearthachtaí chun tástáil a dhéanamh ar CAVanna in Éirinn go luath sa todhchaí, i gcomhpháirt leis An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Leanfar leis an obair sin in 2019.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair atá á déanamh ag an bhfoireann sna heagraíochtaí tacaíochta. Ní mór aitheantas a thabhairt do na ENRanna agus do na meáin chumarsáide freisin as a ról ag coinneáil na sábháilteachta ar bhóithre ag barr an chláir oibre shóisialta sa tír seo.

Faoi dheireadh, is é mo ról mar oifigeach cuntasaíochta an RSA maoirseacht a dhéanamh ar úsáid cheart na mbuiséad agus ionracas agus comhlíonadh a chinntiú maidir le reachtaíocht, beartas rialtais agus riachtanais rialachais chorparáidigh.

Glacaim freagracht as maoirseacht airgeadais an RSA agus cuntais 2018 atá leagtha amach i staid airgeadais an RSA. Sonraítear cuntais airgeadais an RSA don bhliain 2018 ag deireadh na tuarascála seo.

**Moyagh Murdock**
Príomhfheidhmeannach

*In 2018, ghlac an RSA páirt i bhforbairt treoirlínte cuí do na féidearthachtaí tástáil a dhéanamh ar CAVanna in Éirinn go luath sa todhchaí, i gcomhpháirt leis An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Leanfar leis an obair sin in 2019.*

# Comhaltaí an Bhoird



**An tUasal Liz O'Donnell**
An Cathaoirleach

Tá an tUasal Liz O'Donnell ina cathaoirleach ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ar an gcoiste luacha saothair. Cheap an Rialtas an tUasal O'Donnell mar chathaoirleach i Deireadh Fómhair 2014. Faoi láthair tá an tUasal O'Donnell ina stiúrthóir ar bheartas, gnóthaí rialtais agus cumarsáid le MSD Éire, comhlacht ilnáisiúnta cógaisíochta agus sláinte a fhostaíonn breis agus 2,000 duine in Éirinn. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í ar Chernobyl Children International, carthanas Éireannach a fhreagraíonn ar riachtanais dhaonnúla agus sláinte na daoine a d'fhulaing sa taisme núicléach i Chernobyl i 1986.

Bhí an tUasal O'Donnell ina teachta dála le haghaidh an Pháirtí Daonlathach i mBaile Átha Cliath Theas ar feadh 15 bliana ó 1992 go 2007. Bhí sí ina hAire Stáit sa Roinn Gnóthaí Eachtracha idir 1997 agus 2002. Bhí ról aici i bhfoireann idirbheartaíochta Rialtas na hÉireann a ghlac páirt sna caibidlí ilpháirtí a raibh Comhaontas Aoine an Chéasta i 1998 mar thoradh orthu. Ba í an t-aire a bhí freagrach as an gclár forbartha Éireannach thar lear. Ó 2002 bhí an tUasal O'Donnell ina ball den Choimisiúin um Thithe an Oireachtais, an comhlacht reachtúil atá i gceannas ar an dá Theach agus ina ball den Choiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí agus den Choiste Gnóthaí Eachtracha.

Nuair a chuaigh sí ar scor ón bpolaitíocht in 2007, d'oibrigh an tUasal O'Donnell mar shainchomhairleoir gnóthaí poiblí, agus bhí colún polaitiúil aici san *Irish Independent* ar feadh cúig bliana.



**An tUasal Eddie Rock**

Tá an tUasal Eddie Rock ina bhall den bhord óna cheapachán an 14 Meán Fómhair 2011. Bhí an tUasal Rock ina bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca roimhe sin.

D'oibrigh Eddie Rock i réimsí éagsúla den Gharda Síochána sular ceapadh ina choimisinéir cúnta é i mí Feabhra 2005 agus é i gceannas ar Chór Tráchta an Gharda Síochána. Bhí an tUasal Rock páirteach ar Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí, an chéad fhoireann chuimsitheach dá leithéid, arna bhunú ag an rialtas sa bhliain 2001.

Tá dioplóma i staidéar dlí agus céim Baitsiléir Ealaíon sa Bhainistíocht Póilíní ag an Uasal Rock agus d'éirigh leis i Scrúdú Iontrála Deiridh Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann in 2003. Tá sé ina chéimí freisin de chuid Acadamh Náisiúnta FBI.



**An tOll. Áine Carroll**

Tá an tOllamh Áine Carroll ina ball den bhord óna ceapacháin an 14 Meán Fómhair 2011. Tá sí ina ball den choiste luacha saothair agus den choiste rialachais.

Tá an tOllamh Carroll ina hollamh ar chomhtháthú agus ar fheabhsú cúram sláinte sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ina lia comhairleach san Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin i mBaile Átha Cliath.

Is comhstiúrthóir agus comhghleacaí sinsearach í ar IFIC Éireann. Roimhe sin ba stiúrthóir náisiúnta sa Rannán um Chláir Straitéise Cliniciúla í i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Le linn a tréimhse oifige, bhunaigh an tOllamh Carroll na Cláir Chúraim Chomhtháite do dhaoine scothaosta, do ghalar ainsealach, do ghluaiseacht leanaí agus othair chun cúram comhordaithe agus comhoibriú a fhorbairt thar na seirbhísí agus an speisialtacht, ionas go mbeidh cúram curtha ar fail d'othair go héifeachtúil agus gan stró agus iad ag dul i ngleic leis an gcóras. Tá sí díograiseach faoi chúram comhtháite agus scaipeadh eolais.



**An tUasal John Lumsden**

Tá an tUasal John Lumsden ina bhall den bhord óna cheapachán an 31 Deireadh Fómhair 2014, tar éis do léiriú spéise a thaispeáint i mballraíocht ar chomhlacht stáit trí chóras an Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt a tosaíodh in 2011.

Tá an tUasal Lumsden ina bhall reatha den choiste iniúchóireachta agus riosca, den choiste luacha saothair, agus den choiste rialachais.

Is iar-státseirbhíseach gairmiúil é a raibh post sinsearach aige sa Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt, a bhí freagrach as bóithre (sábháilteacht ar bhóithre san áireamh), agus ábhair iarnróid, ábhair mhuirí agus ábhair eitlíochta. Agus é ina Rúnaí Cúnta sa Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt, bhí sé freagrach as reachtaíocht agus as forbairt beartas maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar feadh roinnt blianta.

Is céimí eacnamaíochta é ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



**An tUasal Aileen O'Toole**

Tá an tUasal Aileen O'Toole ina ball den bhord óna ceapachán an 3 Samhain 2014, agus is ball den Choiste iniúchóireachta agus Riosca í agus tá sí ina cathaoirleach den choiste rialachais. Chuaigh Aileen leis an mbord in 2014 i ndiaidh di spéis a chur ann tríd an Tionscnamh um Éagsúlacht ar Bhoird, a sholáthraíonn nasc idir boird agus iarrthóirí poitéinsiúla mná.

Tá a gnó comhairliúcháin um straitéis dhigiteach féin ag an Uasal O'Toole. Bhí sí ina ball ar bhoird Ghnó sa Phobal in Éirinn, earnáil neamhbhrabúis a chuireann freagracht shóisialta chorparáideach (CSR) chun cinn; Chambers Ireland, an líonra gnó is mó in Éirinn, agus ASH Ireland, a mhol cosc ar chaitheamh tobac san ionad oibre.

Is comhbhunaitheoir í den nuachtán *The Sunday Business Post* agus bhí sí ina hiriseoir gnó agus ina eagarthóir leis. Cáilíodh ina stiúrthóir cairte í in 2016 agus bhronn Institiúid Mhargaíochta na hÉireann comhaltacht uirthi in 2012.



**An tUasal Dimitris Karagiorgis**

Tá an tUasal Dimitris Karagiorgis ina bhall den bhord óna cheapachán ar 21 Meán Fómhair 2017 tar éis dó léiriú spéise a thaispeáint i mballraíocht ar chomhlachtaí stáit do chomórtas na Seirbhíse Poiblí d'fholúntais ar bhord an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre a tháinig chun cinn in 2016.

Bhí an tUasal Karagiorgis ina bhall den choiste iniúchóireachta agus riosca óna cheapachán chuig an mbord.

Is stiúrthóir comhlach é an tUasal Karagiorgis i gcuntasaíocht státchiste agus seirbhísí baincéireachta sa chuideachta biteicneolaíochta dhomhanda Shire Pharmaceuticals, áit ar threoraigh sé bunú fhoireann cúloifige an státchiste.

Bhí an tUasal Karagiorgis ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin le comhlacht leathstáit Údarás Calafoirt Chill Mhantáin idir 2012 agus 2016, áit a raibh sé ina chathaoirleach freisin ar an gcoiste iniúchta inmheánaigh.

Is comhalta de ACCA é an tUasal Karagiorgis agus tá iarchéim aige i riarachán gnó ó Ollscoil Surrey.

# Comhaltaí an Bhoird

(ar leanúint)



**An tUasal Kevin Goulding**

Tá an tUasal Goulding ina bhall den bhord óna cheapachán an 14 Lúnasa 2017 tar éis dó léiriú spéise a thaispeáint i mballraíocht ar chomhlachtaí stáit don chomórtas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí do fholúntais ar bhord an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre a tháinig chun cinn in 2016.

Bhí sé ina chathaoirleach ar an gcoiste iniúchóireachta agus riosca óna cheapachán chuig an mbord.

Tá an tUasal Goulding ina cheann iniúchóireachta ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus é ag soláthar dearbhaithe neamhspleách don choiste iniúchóireachta agus riosca, do bhord an ghrúpa agus don lucht bainistíochta feidhmiúcháin maidir le bainistíocht aerfoirt iomlán an ghrúpa, miondíol taistil, agus gníomhaíochtaí comhairleachta eitlíochta.

Tá an tUasal Goulding ina bhaill cairte d'Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha agus tá máistreacht aige i riarachán gnó ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



**An tUasal Donna Price**

Tá an tUasal Donna Price ina ball den bhord óna ceapachán an 1 Eanáir 2018 tar éis comórtais a bhí eagraithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le haghaidh urlabhraí um shábháilteacht ar bhóithre.

Bhunaigh an tUasal Price Cumann Íospartaigh Bóithre na hÉireann (IRVA) in 2012 tar éis bás tobann a mic Darren,18 mbliana d'aois, i dtimpiste chairr i Márta 2006.

Is bunaitheoir agus comhchathaoirleach den Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta um Íospartaigh Bóithre í an tUasal Price, agus tá sí ina ball den UNRSC, le níos mó ná 100 ball NGO ó gach cearn den domhain. Bhí sí ina comhchathaoirleach ar an gcóiste iarthimpiste den Chomhaontas Domhanda ENRanna um Shábháilteacht ar Bhóithre agus bhí sí ar Bhord FEVR, Cónaidhm Eorpach d'Íospartaigh Thimpiste Bhóthair. Tá sí ina cathaoirleach de Mheitheal um Shábháilteacht ar Bhóithre na hIarmhí.



**An tUasal Gillian Treacy**

Tá an tUasal Gillian Treacy ina ball den bhord óna ceapachán an 1 Eanáir 2018 tar éis comórtas faoi choinne urlabhraí um shábháilteacht ar bhóithre eagraithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

In Aibreán 2014 tharla timpiste idir an tUasal Treacy agus a bheirt mhac agus tiománaí a bhí faoi thionchar an óil. Maraíodh Ciarán, 4 bliana d'aois, mac le Gillian agus lena fear céile Ronan sa timpiste.

Dhá bhliain i ndiaidh na tubaiste, ghlac teaghlach Treacy páirt i "Crashed Lives" feachtas teilifíse um shábháilteacht ar bhóithre a dhírigh aird an phobail ar thionchar thiomáint faoi thionchar an óil.

Tá an tUasal Treacy ina urlabhraí do shábháilteacht ar bhóithre agus déanann sí ionadaíocht d'íospartaigh.

# An Fhoireann Bhainistíochta



**An tUasal Moyagh Murdock**
Príomhfheidhmeannach



**An tUasal Denise Barry**
Stiúrthóir, Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht



**An tUasal Pearse White**
Stiúrthóir, Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála



**An tUasal Michael Rowland**
Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe



**An tUasal Declan Naughton**
Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe



**An tUasal Liam Duggan**
Stiúrthóir, Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú




**An tUasal Caroline Greene**
Príomhinnealtóir, Caighdeáin Feithiclí

# Réamhrá

## Is Misean simplí atá ag an RSA: beathaí a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Léirítear é sin inár seanrá, *Ag Obair chun Beathaí a Shábháil*.

*Oibríonn an RSA chun sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú trí na nithe a leanas:*

- feachtais faisnéise agus oideachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre a mhéadú agus chun tiomáint níos sábháilte a chur chun cinn
- caighdeáin feithiclí a fheabhsú
- caighdeán um theagasc tiománaithe a bhunú agus a mhonatóiriú
- córas ceadúnaithe tiománaithe a mhaoirsiú agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe áirithe a dhéanamh
- obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun freagairt chomhordaithe a chinntiú agus chun a áirithiú go n-úsáidtear ár gcomhacmhainní go críonna agus go héifeachtúil
- ag comhoibriú agus dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána maidir le sábháilteacht ar bhóithre
- taighde ar imbhuailtí agus ar shábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh d'fhonn bearta agus moltaí a fhorbairt chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú
- comhairle a chur ar an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le beartas um shábháilteacht ar bhóithre
- dul chun cinn maidir le *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* an rialtais a chur i láthair agus a thuairisciú.




## Struchtúr eagraíochta an RSA

Tá an RSA eagraithe ina cheithre stiúrthóireacht líne tosaigh mar seo a leanas:

- Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
- Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe
- Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú
- Caighdeáin Feithiclí

Tugann Acmhainní Daonna, stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Tráchtála agus stiúrthóireacht um Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht tacaíocht do na stiúrthóireachtaí líne tosaigh.

### Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 32*

Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras tástála tiománaithe agus as an réimeas ceadúnaithe tiománaithe. Is é aidhm obair na stiúrthóireachta chun a chinntiú go ndéanaimid tiománaithe sábháilte a cheadúnú ionas go mbeidh ar mbóithre sábháilte d'úsáideoirí uile.

### Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 14*

Is é ról na Stiúrthóireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe, feasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre a mhúscailt, úsáideoirí bóithre a oiliúint agus taighde a dhéanamh ar cheisteanna um shábháilteacht ar bhóithre. Tá an stiúrthóireacht freagrach freisin as rialáil an tionscail teagascóirí tiomána agus as an Teastas Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil.

Oibríonn an stiúrthóireacht le páirtithe leasmhara uile a chláraigh le *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* an rialtais lena chinntiú go mbaintear amach tionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre.

### Caighdeáin Feithiclí

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 44*

Tá sé de chúram ag an foireann um Chaighdeán Feithiclí an RSA forbairt a dhéanamh ar riachtanais agus ar bheartais maidir le caighdeáin feithiclí agus tástáil theicniúil ródacmhainneachta. Cuirimid faisnéis theicniúil shaineolaíoch ar fáil don tionscal agus don phobal i gcoitinne. Leanann muid ar aghaidh ag iarraidh caighdeán na feithiclí ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú, trí chaighdeáin shábháilteachta nua a thabhairt isteach agus an tábhacht a bhaineann le cothabhála feithiclí a cuir chun cinn. Déanann muid monatóireacht ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus forbairtí domhanda i dteicneolaíocht feithiclí lena ndéantar sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú.

### Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 40*

Tá Stiúrthóireacht um Thástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú an RSA freagrach as roinnt feidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht agus tástáil feithiclí mar aon le comhlíonadh a fheabhsú chun bainistíocht éifeachtach agus shábháilte feithiclí ar ár mbóithre a chinntiú. Tá an stiúrthóireacht freagrach chomh maith as reachtaíocht áirithe um shábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú maidir le feithiclí tráchtála agus a gcuid tiománaithe.

### Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 50*

Is é an ról atá againn seachadadh *Phlean Corparáideach 2016-2020* a mhaoirsiú agus a thacú agus chun tacaíocht a thabhairt don ghnólacht trí raon feidhmeanna lena n-áirítear bainistíocht rathúil athruithe agus bainistíocht tionscadal, dearadh gnó, TFC, tionscnaimh um barr feabhais oibríochtúil, cúram do chustaiméirí agus seirbhísí dlí.

### Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála

*faigh tuilleadh faisnéise ar leathanach 56*

Áirítear leis na feidhmeanna tacaíochta a chuirtear ar fáil don eagraíocht airgeadas agus rialachas corparáideach, soláthar, sláinte agus sábháilteacht, saoráil faisnéise, cosaint sonraí, agus bainistíocht eastáit, saoráidí agus flít.

## Is í an fhís atá againn ná ...” go n-aithnítear muid mar phríomhghuth um shábháilteacht ar bhóithre go náisiúnta agus mar phríomhghuth go hidirnáisiúnta, ag spreagadh athruithe ar dhearcthaí agus ar iompraíocht úsáideoirí bóithre agus ag comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun beathaí a shábháil’.

In 2016, cuireadh *Plean Corparáideach 2016-2020* an RSA i gcrích le hionchur ón bhfoireann agus ó pháirtithe leasmhara araon. Is é fís luaite an Phlean Chorparáidigh ná go n-aithnítear an RSA ‘mar phríomhghuth na sábháilteachta ar bhóithre go náisiúnta agus mar phríomhghuth go hidirnáisiúnta, ag spreagadh athruithe ar dhearcthaí agus ar iompraíocht úsáideoirí bóithre agus ag comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun beathaí a shábháil.’

D’fhonn ár bhfís agus ár misean a sheachadadh ní mór dúinn cuspóirí straitéiseacha ardleibhéil a aistriú go gníomhaíochtaí bríocha agus na tionscadail aonair a leagan amach go mion nach mór dúinn a chur chun feidhme thar shaolré na straitéise. Ansin ní mór dúinn seachadadh na dtionscadal sin a chomhordú trí phlean a chur i bhfeidhm chun an t-athrú cobhsaí agus inbhuanaithe a bhaint amach a theastaíonn sa Phlean Corparáideach.

Mar fhreagairt air sin bhunaíomar an Stiúrthóireacht um Straitéis, Beartas agus Teicneolaíocht i mí Feabhra 2017. Tá freagracht ag an stiúrthóireacht sin as seachadadh ár bPlean Chorparáidigh a chomhordú agus as cuidiú leis trí ailíniú straitéiseach ar fud an RSA trína áirithiú go mbíonn gach duine ag obair ar son na gcuspóirí céanna agus go ndéantar ár bpleananna agus bearta gnó a ailíniú. Is é ár ról chomh maith tacú leis an ngnólacht thar raon na bhfeidhmeanna dár gcuid, lena n-áirítear bainistíocht rathúil athruithe agus tionscadal, dearadh gnó, cumasú TFC, éirim ghnó agus tionscnaimh um barr feabhais oibríochtúil.



## Tiomnaíonn an RSA do chúig thogra straitéiseacha a sheachadadh:

| | |
|---|---|
| **1. Turas comhtháite an chustaiméara** | Faoi 2020, gheobhaidh gach custaiméir seirbhís chostéifeachtach, thráthúil agus ar chaighdeán níos fearr ón RSA. |
| **2. Ár ndaoine ag croílár gach ní a dhéanaimid** | Faoi 2020, beidh timpeallacht réamhghníomhach rannpháirtíochta fostaithe againn, le béim ar leith ar chultúr, feidhmíocht, cumarsáid inmheánach, pleanáil comharbais, foghlaim agus forbairt, a mbeidh caidrimh éifeachtacha custaiméirí/comhpháirtithe mar thoradh air, mar aon le fostaithe a chuirfidh an RSA chun cinn ar bhonn seachtrach. |
| **3. An cumas agus an inniúlacht chun feidhmíocht a sheachadadh agus a fheabhsú** | Faoi 2020, cuirfidh ár gcuid próiseas, córas agus teicneolaíochtaí seirbhísí éifeachtúla de réir a chéile ar fáil do chustaiméirí, lena n-áirítear foilsiú na n-eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) |
| **4. Ardán éifeachtach do thodhchaí an RSA** | Faoi 2020, beidh ár straitéis rannpháirtíochta curtha i bhfeidhm againn agus leanfaimid orainn ag tógáil ár gcomhpháirtíochta leis na príomhpháirtithe leasmhara sin a bhfuil an tionchar is mó acu ar shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre. Déanfaimid sonraí a bhailiú, a thiomsú agus a úsáid chun cúiseanna a nascadh go díreach le bearta ceartaitheacha ar leith chun sábháilteacht a sheachadadh do gach úsáideoir bóithre. |
| **5. Gníomhaíocht spriocthaagus comhoibriú chun athrú a spreagadh** | Faoi 2020, beidh ardán don fhás cruthaithe againn lena ndéanfar an aimsir a sheasamh dár soláthar seirbhíse, beidh samhaltán inbhuanaithe airgeadais cruthaithe don RSA, agus beidh TFC nua-aimseartha leabaithe ann, lena gcumasófar oibriúchán ó cheann go ceann agus eagraíocht fheidhmiúil. Déanfaidh an RSA a chuid oibre go digiteach mar norm agus beidh an tslándáil fíorthábhachtach. |

*Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013–2020* an Rialtais.


# Tá sé de chúram ar an RSA maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme *Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013–2020*. Is é sin an ceathrú straitéis um shábháilteacht ar bhóithre in Éirinn.

Is é atá i gceist leis an bhearna a dhúnadh agus bóithre na hÉireann agus úsáideoirí bóithre na hÉireann a dhéanamh chomh sábháilte leis na tíortha is fearr san Eoraip, go háirithe an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír agus an tSualainn. Is é an sprioc líon na mbásanna a laghdú go 124 nó níos lú faoi 2020.


Sa tréimhse idir Eanáir agus Nollaig 2018 bhí 146 bhás ar bhóithre na hÉireann de bharr 139 n-imbhualadh mharfacha. Chun an sprioc atá leagtha síos sa *Straitéis um Shábháilteacht ar na Bhóithre 2013 - 2020* de chuid an rialtais a bhaint amach, tá laghdú 15% ar bhásanna de dhíth ó 2018 go 2020. De réir preasráitis eisithe ag an Coimisiúin Eorpach in Aibreán 2019, ba iad na tíortha san AE leis na torthaí is fearr o thaobh sábháilteachta ar bhóithre de in 2018 an Ríocht Aontaithe (28 mbás in aghaidh mhilliún na n-áitritheoirí), an Danmhairg (30 bás in aghaidh mhilliún na n-áitritheoirí) agus an tSualainn (32 bhás in aghaidh mhilliún na n-áitritheoirí). Mar sin féin, ón eisiúint sin, is é 30 bás in aghaidh mhilliún an daonra an figiúr d'Éirinn.

Moladh i dTuarascáil Mheastóireachta Lár Téarma an rialtais ar an *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020* go ndíreofaí ar iompraíochtaí marfacha. Go háirithe, iompraíochtaí atá cruthaithe a bheith bainteach le h-imbhuailtí marfacha ar bhóithre na hÉireann. In 2018, tugadh isteach reachtaíocht nua maidir le tiomáint faoi thionchar an óil le héifeacht ón 26 Deireadh Fómhair. Áirithíodh leis na forálacha sin go ndícháileofaí, gan eisceacht, gach tiománaí faoi thionchar an óil. Bhain sé sin an deonaíocht i reachtaíocht roimhe seo a thug pointí pionóis in ionad dícháilithe do roinnt tiománaithe a bhí ag tiomáint faoi thionchar an óil.

Moladh i dTuarascáil Mheastóireachta Lár Téarma an rialtais ar an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 go mbeadh acmhainní cuí ag an Garda Síochána chun an leibhéal riachtanach forfheidhmithe a chur i bhfeidhm. In 2018, méadaíodh líon pearsanra san Aonad Póilínithe Bóithre an Gharda Síochána ó 623 ar 1 Eanáir go 744 ar 31 Nollaig 2018.



# Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí 139 n-imbhualadh mharfacha ar bhóithre na hÉireann sa bhliain, a raibh 146 bhás mar thoradh orthu. Is ionann sin agus 2 imbhualadh níos lú agus 10 (-6%) mbás níos lú i gcomparáid le sonraí an Gharda Síochána don tréimhse chéanna in 2017*. Ba í sin an bhliain is sábhailte d'Éirinn ar taifead.




**Básanna de réir na bliana, 1997–2018***

Foinse: Bunachar Sonraí um Imbhuailtí ar Bhóithre an RSA, Feabhra 2019


*Is figiúirí sealadacha iad agus tá siad faoi réir athruithe.

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2018

(ar leanúint)

## Básanna ar bhóithre de réir chineál úsáideora bóithre, 2017 vs 2018


Bhí laghdú i méid na mbásanna thar an chuid is mó de na húsáideoirí bóithre in 2018 i gcomparáid le 2017. Bhí méadú 35% áfach i líon na mbásanna i measc coisithe ó 31 in 2017 go 42 in 2018. Bhí básanna tiománaithe agus coisithe léirithe i mbeagnach trí as cúig bhás (55%) in 2018. Bhí úsáideoirí bóithre leochaileacha (coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe) léirithe i dhá chúigiú de na básanna uile ar bhóithre (45%). Bhí laghdú i líon básanna paisinéirí (-6) agus is é sin an laghdú is mó in 2018. Ar an iomlán, laghdaíodh básanna taistealaithe feithiclí ó 91 in 2017 go 80 in 2018 (-12%).




Básanna ar bhóithre de réir chineál úsáideora bóithre, 2017 vs 2018

## Básanna in aghaidh mhilliún an daonra[1]

Ba é an ráta básanna in 2018 nó 30 bás in aghaidh mhilliún an daonra. Ba í sin an bhliain is sábhailte ar taifead d'Éirinn le 146 bhás. Roimhe sin, ba í 2017 an bhliain is sábháilte agus 156 bhás ann (33 in aghaidh mhilliún an daonra). Idir 1997 agus 2018 laghdaíodh an ráta básanna 77% ó 129 go 30 bás in aghaidh mhilliún an daonra. Mar a léirítear sa ghraf, thit an ráta básanna 52% le deich mbliana anuas.




Líon na mbásanna um thrácht bóithre in aghaidh mhilliún an daonra[2]


1 Tabhair faoi deara: is figiúirí sealadacha iad na figiúirí le haghaidh 2016-2018 agus tá siad faoi réir athruithe.

2 Bunaithe ar mheastacháin an daonra (Aibreán 2018) ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

## Comhthéacs na sábháilteachta ar bhóithre in 2017/2018

- In 2018 ceadúnaíodh 121,157 gcarr nua príobháideacha don chéad uair. Is laghdú 4.6% sin i gcomparáid le 2017 (127,045)[3].
- In 2018 ba é 5.8% an meánráta dífhostaíochta bliantúil. Sin laghdú ó 6.7% in 2017[4].
- In 2017, bhí méadú 2% ar úsáid fuinnimh sa chóras iompair i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Bhí méadú 0.1%ar chaitheamh díosail agus ba é sin an breosla is mó úsáid. B'ionann é agus 58% den úsáid fuinnimh sa chóras iompair[5].
- In 2017, thaistil feithiclí Éireannacha 48.8 billiún ciliméadar. Sin méadú 1.6% i gcomparáid le 2016[6].
- In 2017, thaistil gach feithicil 18,160 ciliméadar ar an meán.

Líon na mbásanna in aghaidh an chontae 2018




**Básanna ar bhóithre in Éirinn suas go dtí an 31 Nollaig 2018[7]**

3 Feithiclí a ceadúnaíodh don chéad uair, staitistic eisithe ag an CSO, 11 Eanáir 2019, https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/vltfm/vehicleslicensedforthefirsttimedecemberandyear2018/

4 Tá an figiúir seo ríofa ó na figiúirí is déanaí don Ráta Dífhostaíochta atá Coigeartaithe de réir Séasúir san aoisghrúpa 15-17, ón bPríomh-Oifig Staidrimh, https://www.cso.ie/px/pxeirestat/Database/eirestat/Monthly%20Unemployment/Monthly%20Unemployment_statbank.asp?SP=Monthly Unemployment&Planguage=0

5 *Energy in Ireland 2018*, SEAI (2018) https://www.seai.ie/resources/publications/Energy-in-Ireland-2018.pdf

6 *Omnibus Iompair 2017*, an Phríomh-Oifig Staidrimh, (2018). http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-tranom/transportomnibus2017/roadtrafficvolumes/

7 Tá na figiúirí sealadach agus faoi réir athruithe.

**4.6%**

laghdú ar ghluaisteáin phríobháideacha a ceadúnaíodh don chéaduair in 2018 i gcomparáid le 2017

**48.8 bn**


ciliméadair feithiclí taistealta in 2017


# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2018


(ar leanúint)

## Básanna de réir contaetha in aghaidh 100,000 an daonra.

- Athraíonn básanna in aghaidh 100,000 an daonra méid na básanna de réir dlús daonra.
- Cé go bhfuil líon na mbásanna ar bhóithre is airde i gcontae Bhaile Átha Cliath agus i gcontae Chorcaí tá siad i measc na básanna is lú sa 100,000 an daonra nuair a chuirtear dlús daonra san áireamh.
- Tá an líon básanna is mó i Laois agus i Longfort in aghaidh 100,000 áitritheoir.
- Is athróg ionadach mhaith ar úsáid bóithre é an dlús daonra ach ní mhíníonn sé sruthanna tráchta neamh-áitiúla.





**Básanna in aghaidh 100,000 an daonra**

Bunaithe ar na meastacháin daonra in aghaidh an chontae 2106 ón bPríomh-Oifig Staidrimh

## Sábháilteacht ar Bhóithre san AE: básanna in aghaidh mhilliún an daonra ar fud an AE

Maraíodh timpeall ar 25,100 daoine ar bhóithre an AE in 2018. Léiríonn sé sin 49 mbás ar an meán in aghaidh mhilliún an daonra sna 28 Ballstát AE, laghdú 1% ar an mbliain roimhe. Cé gur seo laghdú 21% é sin i gcomparáid le 2010, ní dócha go bhféadfaí sprioc an AE líon na mbásanna ar na bóithre idir 2010 agus 2020 a laghdú faoin leath a bhaint amach.

Bunaithe ar eolas sealadach, is iad an RA (28), Éire (30) agus an Danmhairg (30) na tíortha is sábháilte san AE in 2018.




**Básanna ar bhóithre in aghaidh mhilliún na n-áitritheoirí - réamh-staitisticí de réir tíre le haghaidh 2018**[8]

8 Réamhstaitistic shábháilteacht ar bhóithre ón gCoimisiún Eorpach, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transport/modes/road/news/2019_04_04-road-safety-data_en. Rinneadh an figiúir sealadach in Éirinn a nuashonrú ó fhoilsiú eisiúint an AE.

* Níor scaoil an Ísiltír sonraí sealadacha do 2018.
** Is meastachán iad figiúirí don RA atá bunaithe ar shonraí suas go dtí Meitheamh 2018.

# Feachtais Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

## Na meáin shóisialta

Bíonn láithreacht láidir againn ar na meáin shóisialta i gcónaí. Tá seacht gcuntas againn ar na meáin shóisialta thar cúig ardán – Facebook RSA, YouTube, Instagram agus Snapchat. Tá a leathanach Facebook agus cuntas Twitter féin ag 'RSA Driving Test' (Tástáil Tiomána RSA). Trí na meáin shóisialta is féidir linn  teachtaireachtaí tráthúla um shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt dár sprioclucht, ceisteanna a fhreagairt agus aiseolas a bhailiú. Soláthraítear le leathanaigh na meán sóisialta um Thástáil Tiomána RSA bealach d'iarrthóirí chun faisnéis thráthúil agus freagraí ar aon fhiosrúcháin a fháil a d'fhéadfadh a bheith acu faoin bpróiseas um fhoghlaim na tiomána.

In 2018 bhain muid úsáid as cineálacha nua na meán ar na leathanaigh mheáin shóisialta dár gcuid. Bhí GIFanna, físeáin bheo, tvuíteáil bheo, chomh maith le scéalta Snapchat agus Instagram chun dul i dteagmháil le sprioclucht níos óige. Is léir go bhfuil cineálacha tarraingteacha na meán sin ina n-uirlis chruthaithe chun cuidiú linn an pobal a oiliúint faoi shábháilteacht ar bhóithre. Leanfaidh muid ar aghaidh ar thús cadhnaíochta i dtreochtaí na meán sóisialta in 2019.


Tá ár gcainéil meán sóisialta anois mar cheann de na príomh-mhodhanna a úsáidimid chun teachtaireachtaí a chur in iúl don phobal i gcoitinne le blianta beaga anuas. In 2018, bhain muid úsáid as na cainéil sin chun nuacht rialta um shábháilteacht ar bhóithre a scaipeadh, oiliúint a thabhairt, agus feasacht a ardú faoi fheachtais agus imeachtaí.


Tá ár straitéis dírithe ar an teachtaireacht cheart a sholáthar don duine ceart ag an am ceart. Tá an t-éiteas sin fite fuaite trínár bhfeachtais amhail ár dteachtaireachtaí maidir le Tuirse Tiománaithe, Ullmhacht don Gheimhreadh agus 'Check it Fits'. Tá na meáin shóisialta thar a bheith áisiúil do rabhadh drochaimsire. Tugann sé an deis dúinn teachtaireachtaí tábhachtacha a thabhairt don phobal go gasta agus go díreach.

| | | |
|---|---|---|
| Facebook<br>RSA Éireann<br>Tástáil Tiomána RSA | *Nollaig 2018*<br>173,059 'Is maith liom' |
| Twitter<br>RSA Éireann<br>Tástáil Tiomána RSA | *Nollaig 2018*<br>26,298 leantóirí |
| YouTube<br>RSA Éireann | *Nollaig 2018*<br>6.475 síntiúsóir |
| Instagram<br>RSA Éireann | *Nollaig 2018*<br>5,200 leantóir |
| Snapchat<br>RSA Éireann | *Ballraíocht*<br>Nollaig 2016 |

Áiríodh le buaicphointí eile sna meáin shóisialta in 2018 seoladh Fhorálacha um Thiomáint ar Meisce an Achta um Thrácht ar Bhóithre (Leasú) 2018; drochúsáid criosanna sábhála, agus feachtais um shábháilteacht gluaisrothar, an feachtas in éineacht le Applegreen chun caife a thabhairt saor in aisce i gcoinne tuirse tiománaithe, postálacha 'Check it Fits' agus tús ár bhfeachtais 'Saolta Tuairteáilte: Noel Clancy

*How's Your Driving?* le tacaíocht ón RSA. Fuair an clár teilifíse a lán teachtaireachtaí ar na meáin shóisialta. Tosaíodh comhrá leis ar na meáin shóisialta go hairithe ar Twitter.




Fuair ár bpostáil faoinár bhFeachtas um Shábháilteacht Rothar Streachailte agus Cuadrothar 1,185,640 amharc ar Twitter amháin.

Is tionscadal fíorthábhachtach é Project EDWARD chun aird úsáideoirí bóithre a dhíriú ar shábháilteacht ar bhóithre.




# Feachtais Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

(ar leanúint)

## Feachtais Teilifíse RSA: spreagadh feasachta 2018

Bonn: Tiománaithe uile

An céatadán freagróirí a mhaíonn go bhfaca siad na fógraí tar éis ábhar spreagthach de chineál éigin a fheiceáil.




Is é 66% an meán TV RSA in 2018 (agus 72% mar fhigiúr suntasach nuair a fhágtar 'an Mhaidin dár gCionn' ar lár. Shroich Cur Isteach ó bhFón Póca agus Tuirse leibhéal feasachta Saolta Tuairteáilte anois.

Foinse: Iompraíocht agus Dearcthaí, 2018

## Rothaíocht: Feachtas teilifíse Scoitheadh Sábháilte: tionchar fógraíochta/athrú iompraíochta.

Bonn: Gach Tiománaí (n=747)

Cé go bhfuil measúnú dearfach mar thoradh ar an bhfeachtas Scoitheadh Sábháilte, tá an freagra ó na tiománaithe faoi mheán na héifeachtacha/an athraithe iompraíochta de chuid an RSA i ngach cás.

**I do bharúil féin, cé chomh héifeachtach agus atá an fógra seo maidir leis na nithe a leanas a thaispeáint?**

| | An-éifeachtach % | Go measartha éifeachtach % |
|---|---|---|
| An réimse rioscaí roimh rothaithe ar an mbóthar. | 53 | 38 |
| Tá dualgas ar thiománaithe bheith eolach faoi rothaithe ar an mbóthar, mar is úsáideoirí bóithre leochaileacha iad. | 59 | 35 |
| Caithfidh tiománaithe a bheith achar sábháilte ó rothaithe agus iad á scoitheadh. | 59 | 35 |
| Ní foláir do mótarfheithiclí níos mó spáis a thabhairt do rothaithe ar bhóithre le teorainneacha luais níos airde. | 59 | 34 |

**Athrú iompraíochta...**

| | Aontaím go láidir % | Aontaím beagán % |
|---|---|---|
| **Freagra/féinéifeachtúlacht** | | |
| Tar éis dom an fógra seo a fheiceáil, tá a fhios agam anois conas rothaithe a scoitheadh go sábháilte ar an mbóthar. | 55 | 33 |
| Tá dualgas ar thiománaithe bheith eolach faoi rothaithe ar an mbóthar, mar is úsáideoirí bóithre leochaileacha iad. | 61 | 30 |
| **Glacadh le teachtaireacht** | | |
| Tar éis dom an fógra seo a fheiceáil tá muinín agam gur féidir liom an t-achar sábháilte atá molta a choinneáil agus mé ag scoitheadh rothaithe ar bhóithre uirbeacha agus tuaithe. | 54 | 30 |
| Mar thiománaí is dócha go bhfuil mé níos eolaí ó thaobh rothaithe ar na bóithre. | 58 | 31 |

Foinse: Iompraíocht agus Dearcthaí, 2018

## Duaiseanna feachtais

Bhuaigh muid an Bonn Cré-Umha ag an Institiúid Fógraíochta Cruthaithí agus Dearaidh (ICAD) do Phriontáil agus Taispeántas: Singil Tomhaltóra dár bhfeachtas Coinnle. Chruthaigh muid an fógra seo don Lá Cuimhneacháin Domhanda. Bhí na coinnle ar thaobh an bhóthair chun cuimhneamh ar gach beatha a cailleadh ar na bóithre ó thosach choimeád na dtaifead.

Bhuaigh muid an bonn ór ag Gradaim na Meán don chomhoibriú is fearr sa chatagóir dhigiteach/ar líne. Bhuaigh muid sin dár gcuid oibre ar an bhfeachtas ‘Killer Looks’ nuair a bhain muid úsáid as tionchairí ar líne, Video on Demand (VOD) agus comhpháirtíochtaí digiteacha chun aird a dhíriú ar an gcontúirt a bhaineann le caitheamh creasa sábhála faoin ascaill.

*Tuarascáil RSA um Choisithe a fuair Bás (2008–2015)*
In 2018 thosaigh muid ar tuarascáil ghrinn chun scrúdú a dhéanamh ar choisithe a fuair bás thar thréimhse 8 mbliana (2008–2015).

**Idir 2015-2018, maraíodh 313 coisithe in 308 n-imbhualadh mharfacha tráchta ar bhóithre na hÉireann**

313

308

Bhí **42%** de na coisithe a maraíodh 56 bliana d'aois nó níos sine

Bhí **15%** de na coisithe a maraíodh 76 bliana d'aois nó níos sine

Bhí an-riosca ag baint leis an tréimhse 12rn–5rn ag an deireadh seachtaine

**65%** B'fhir iad formhór na gcoisithe a maraíodh

**57%** Tharla 57% de bhásanna coisithe ar bhóithre uirbeacha*

*Is é an sainmhíniú a glacaimid mar bhóthar uirbeach bóthar ar a bhfuil luasteorainn <60 km/h

## Réamhthorthaí ó anailís a dhéanamh ar chomhaid imscrúduithe na nGardaí agus sonraí chomhaid na gcróinéirí, fuarthas amach[9]:

**As na coisithe a maraíodh agus taifead ann go raibh gníomh/gníomhartha á dhéanamh acu díreach roimh an imbhualadh (n = 241)**

**30%** Bhí 30% díobh ag trasnú bóthair

**21%** díobh nach raibh ag coimhéad

**9%** díobh a bhí ina luí ar bhóthar

**8%** díobh a bhí ina seasamh ar bhóthar

**98%** díobh nach raibh ag caitheamh éadaí sofheicthe*

**49%** a deimhníodh go raibh siad tar éis alcól a ól*

*As na coisithe a maraíodh agus taifead ann cibé acu an raibh éadaí sofheicthe á gcaitheamh acu sa dorchadas nó nach raibh (n = 96)

*As na coisithe a maraíodh agus taifead ann cibé acu an raibh siad tar éis alcól a ól nó nach raibh (n = 215)

9 Tá an anailís bunaithe ar shonraí ó chomhaid imscrúduithe an gharda (2008- 2012) agus comhaid chróinéara (2013-2015), ar fáil do 79% (n=248) de na 313 bhás coisithe a tharla i rith 2008-2015. Tá rochtain againn ar chomhaid chróinéara trí chomhoibriú leis an mBord Taighde Sláinte(An tInnéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí.

# Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre

**An Chomhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre.**
Rinneamar ár gComhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2018 a óstáil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 3 Meitheamh. Ba é 'Connected and Autonomous Vehicles' (CAVs) téama na comhdhála agus bhí breis agus 200 páirtithe leasmhara um shábháilteacht ar bhóithre i láthair. Rinne saineolaithe ar fhorbairt agus ar theicneolaíocht CAV ó Éirinn agus thar lear cur i láthair ar roinnt ábhar a bhain le tiomáint cónasctha agus uathrialaitheach, agus nochtaigh muid torthaí suirbhé an RSA a coimisiúnaíodh chun dearcthaí daoine fásta in Éirinn maidir le CAVanna a aimsiú.



**Léacht acadúil**
Mar chuid de Sheachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre 2018, reáchtáil muid léacht acadúil i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn an 1 Deireadh Fómhair. Ba Sábháilteacht Coisithe téama na léachta sin. Labhair an tUasal Liz O'Donnell, cathaoirleach an RSA leis na toscairí ar dtús, agus rinne beirt chainteoirí cur i láthair i rith an imeachta. Rinne an Dr Aoife Kervick ó Roinn Taighde an RSA cur i láthair ar 'Bhásanna Coisithe ar Bhóithre na hÉireann: ag scrúdú 2008-2015'. Ina dhiaidh sin, rinne an tOllamh Tom Brijs ó Ollscoil Hasselt, sa Bheilg cur i láthair ar Rioscaí um shábháilteacht ar bhóithre agus frithbhearta do choisithe aosta: léargas ón tionscadal ElderSafe Eorpach.

## Muinín go dtiocfadh le carr uathrialaitheach mé a thabhairt go ceann scríbe slán sábháilte %

| | Aosaigh Uile | Tiománaithe |
|---|---|---|
| Aontaím go mór | 15% | 14% |
| Aontaím | 19% | 19% |
| Ní aontaím ná ní easaontaím | 19% | 18% |
| Easaontaím | 17% | 18% |
| Easaontaím go mór | 22% | 23% |
| Aon aontú | 35% | 33% |

## Achoimre ar eochair-thorthaí na staidéar breathnaitheach

| Úsáideoir bóithre | Staidéar Breathnaitheach | 2018 |
|---|---|---|
| **Gluaisrothaithe** | Rátaí Caithimh Éadaí Sofheicthe (ar bith) | 43% |
| | Rátaí Caithimh Clogad | 99.5% |
| **Gach Rothaí (poiblí & príobháideach)** | Rátaí Caithimh Éadaí Sofheicthe (ar bith) | 32% |
| | Rátaí Caithimh Clogad | 47% |
| | Úsáid fón póca | 0.1% |
| | Úsáid cluasán | 1.6% |
| **Feithiclí innealta/ tiománaithe & paisinéirí** | Mí-úsáid lampaí ceo | 15% |
| | Úsáid fón póca | 8% |
| | Úsáid criosanna sábhála (gach duine fásta, .i. tiománaithe agus paisinéirí) | 94% |
| | Úsáid criosanna sábhála (páistí amháin) | 89% |
| | Soilse lochtacha | 7% |

# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre



**‘Check it Fits’ – seirbhís seiceála criosanna sábhála leanaí an RSA ar fud na tíre**

| | |
|---|---|
| 8,429 | seiceáil |
| 141 | ionad |




**StreetSmart– acmhainn idirghníomhach bunscoile an RSA.**

| | |
|---|---|
| 13,026 | cuairteoirí |
| 75 | scoil |



**Tointeáil – aonad soghluaiste idirghníomhach sábháilteachta ar bhóithre an RSA**

| | |
|---|---|
| 150,235 | cuairteoirí |
| 182 | imeacht |



**Ionsamhlóir iompaithe bun os cionn- dírítear aird ar an éifeacht a bhaineann le caitheamh criosanna sábhála.**

| | |
|---|---|
| 53,131 | rannpháirtí |
| 189 | n-imeacht |



**Marsantú agus dáileadh bileog agus bróisiúr um shábháilteacht ar bhóithre**

| | |
|---|---|
| 217,949 | mbróisiúir arna ndáileadh |
| 7,667 | gcuairt marsantaithe |



**Seirbhís Náisiúnta Oideachas Um Shábháilteacht Ar Bhóithre**

| | |
|---|---|
| 5,231 | chlár oideachais a cuireadh ar fáil |
| 9,192 | uair teagmhála a cuireadh ar fáil |



**Dáileadh veisteanna sofheicthe**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 206,841 | veist sofheicthe | 191,568 | mbanda muinchille leanaí | 161,830 | veist leanaí |
| 101,292 | bhanda muinchille aosaigh | 83,632 | mhála éille | 47,280 | bibe reatha |
| 42,466 | chlúdach málaí droma | 14,203 | chrios Sam Browne | 9,860 | solas rothair |










**19,029**

daltaí bunscoile páirteach i Cycle Right

**€190,000**

tugtha ag an RSA do chláir Cycle Right


### An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Is buaicphointe sa bhliain é an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus bhí láithreacht shuntasach againn ag an imeacht i gCo Uíbh Fhailí i Meán Fómhair 2018. Bhí gníomhaíochtaí tarraingteacha ar bhoth s'againne chun oiliúint a chur ar an lucht freastail faoi theachtaireachtaí um shábháilteacht ar bhóithre. Ba é seoladh eispéiris réaltachta fíorúla an Oculus Rift 360 nua buaicphointe an imeachta, agus scaip muid breis agus 10,000 earra ard-infheictheachta chomh maith le 50,000 veist ard-infheictheachta sa bhreis ó bhoth an Irish Farmers Journal .

### Oiliúint ar shábháilteacht ar rothair.

In 2018, ghlac 19,029 daltaí bunscoile páirt i Cycle Right, an caighdeán náisiúnta oiliúna rothair. Ba é sin méadú 3,784 rannpháirtithe i gcomparáid le 2017. Tugadh isteach clár píolótach de chuid Rothaíocht Éireann, agus ghlac 74 aosach páirt san oiliúint. Thug muid €190,000 do chlár na leanaí agus €3,700 don chlár píolótach do dhaoine fásta.

## Seimineáir dar teidil 'Ag Tiomáint le haghaidh Oibre'



Bhí beagnach 50% den lucht freastail ó eagraíochtaí le 100+ fostaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| Níos mó ná 500 fostaithe | 24 | 10 go 50 | 21 |
| 200 go 500 | 15 | 3 go 10 | 5 |
| 100 go 200 | 10 | Níos lú ná 3 | 5 |
| 50 go 100 | 20 | | |

# Oideachas Tiománaithe faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

Approved Driving Instructor

DRIVERcpc Driver Certificate of Professional Competence

### An Scéim um Maor Scoile Sóisearach

Deartar an tseirbhís maoir ghrúpa chun saoráidí trasnaithe sábháilte a chur ar fáil gar do bhunscoileanna i mbailte cúigeacha agus i gcathracha níos lú. In 2018 thugamar ranníocaíocht €22,362.38 d'údaráis áitiúla don Scéim um Maor Scoile Sóisearach. Ghlac líon iomlán de 26 scoil agus 803 mhaor páirt sa scéim.

### Oiliúint ar Fheasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre leis an nGarda Síochána.

Reáchtáil muid 10 'Seimineár um Póilíneacht ar Bhóithre' ar fud na tíre in 2018 agus ghlac 316 gharda atá ag obair san Aonad Náisiúnta um Póilíniú Bóithre páirt ann. Is é an aidhm atá leis na seimineáir sin eolas a scaipeadh agus oiliúint a chur ar fáil faoi príomhábhair an Gharda Síochána maidir le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn.

### Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna)

Ón 30 Aibreán 2009 i leith is tionscal rialaithe é teagasc tiomána in Éirinn. Clúdaíonn na rialacháin caighdeán an teagaisc agus na scrúduithe atá le déanamh, lena n-áirítear pionóis as sárú dlíthe.

Chun bheith ag obair mar theagascóir tiomána in Éirinn, ní mór do theagascóir bheith ar chlár RSA de Theagascóirí Tiomána Formheasta (ADI) agus cead ADI a thaispeáint. Déanaimid measúnú ar gach teagascóir chun a chinntiú go bhfuil na nithe riachtanacha a leanas acu:

- eolas ar rialacha an bhóthair agus ar shábháilteacht ar bhóithre
- cumas tiomána
- an cumas tiománaí faoi oiliúint a theagasc

Amhail an 31 Nollaig 2018 bhí 1,758 ADI ann, a raibh 1,599 acu ag soláthar Teagaisc Tiomána Ríthábhachtaigh (EDT) do thiománaithe faoi oiliúint.

### Bunoiliúint Thosaigh (IBT) do Ghluaisrothaithe

Cúrsa oiliúna éigeantach ina dteagasctar bunscileanna gluaisrothaíochta do ghluaisrothaithe faoi oiliúint is ea Bunoiliúint Thosaigh (IBT). Tá an cúrsa mar chuid de chóras um cheadúnú tiománaithe forchéimnitheach (GDL) chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Cúrsa 16 huaire is ea an IBT Bhunúsach agus cuirtear ar fáil é i gceithre mhodúl ar leith a bhíonn le críochnú de réir oird.

Tá 60 ionad oiliúna IBT formheasta ann mar aon le 101 teagascóirí gluaisrothaíochta formheasta, a bhfuil 79 acu ina n-oiliúnóirí IBT.

### Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT)

Ó tugadh isteach é soláthraíodh beagnach 2.6 milliún ceacht EDT do bhreis agus 210,000 tiománaithe faoi oiliúint. In 2018 bhí 1,599 ADI ag tabhairt ceachtanna EDT do thiománaithe faoi oiliúint ar fud na tíre.

Ba é líon na gceachtanna EDT a cuireadh i gcrích le linn 2018 ná breis is 650,000.

### Teastas um Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaithe (CPC Tiománaithe)

Tá dualgas ar gach tiománaí bus agus trucaile (daoine arb í an tiomáint an tslí bheatha atá acu) an cháilíocht IGT Tiománaithe atá acu a choinneáil trí oiliúint thréimhsiúil aon lae a chur i gcrích gach bliain ina dtéitear siar ar a bhfuil foghlamtha acu cheana. Críochnaíodh breis agus 659,000 laethanta oiliúna ó tugadh IGT Tiománaithe isteach.

Reáchtáladh
**79,145**
lá oiliúna IGT in 2018

Rinneadh
**4,604**
thástáil cás-staidéir teoirice IGT Tiománaithe


Ionad Trialacha Tiomána
Driving Test Centre
Entrance

# Buaicphointí ó 2018


## Eanáir



*Meastóireacht Lár-téarma ar Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 de chuid an Rialtais.*



Taispeántas Eolaithe Óga BT




Seoladh fheachtas 1.5m

## Feabhra

Rabhadh Aimsire Dearg um shioc agus sneachta - Storm Emma






## Márta

Ghríosaigh RSA agus Applegreen tiománaithe chun STAD, SLOG, CODLADH an deireadh seachtaine Fhéile Pádraig seo




Rabhadh Aimsir Oráiste le haghaidh sneachta




## Aibreán



Oibrithe HCV agus forfheidhmiú rialacha maidir le huaireanta tiománaithe i rith na géarchéime um fhodar ainmhithe.



An Chomhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre - Feithiclí Uathrialaitheacha agus Cónasctha

Achainí Saoire Bainc Bhealtaine - sábháilteacht rothaíochta



## Bealtaine



Duaiseanna Bliantúla ‘Seat Belt Sheriff’ agus ‘Hi-Glo Silver’

Achainí Saoire Bainc Meithimh - gríosaíodh gluaisrothaithe rothaíocht go sábháilte an samhradh seo




## Meitheamh

Comórtas Damhsa an Chóid Sábhála do bhunscoileanna





Seolann RTÉ an tsraith *How's Your Driving?*



An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta



Seimineáir dar teidil 'Ag Tiomáint le haghaidh Oibre'




Seoladh fheachtas na Nollag agus na hAthbhliana a dhírigh ar thiomáint ar meisce.

**Iúil** | **Lúnasa** | **Meán Fómhair** | **Deireadh Fómhair** | **Samhain** | **Nollaig**

## Iúil

Athbhreithniú Lár-Bliana ar Shábháilteacht ar Bhóithre





Ritheadh an Bhille um Thrácht ar Bhóithre 2017 - leasú um thiomáint ar meisce

## Lúnasa

Deireadh seachtaine saoire bainc Lúnasa - sábháilteacht ar ghluaisrothair






Seoladh an fheachtais Ar Ais Chun na Scoile le ESB Networks

## Meán Fómhair

Seoladh an eispéiris VR 'Consequences'






Tionscadal Eorpach Edward i gcomhar le TISPOL agus an Garda Síochána

## Deireadh Fómhair



Léacht Acadúil Bhliantúil- Sábháilteacht Coisithe



FoilsIÚ *Sláinte agus Tiomáint* - Treoirlínte d'oiriúnacht mhíochaine chun bheith ag tiomáint.

## Samhain


An Lá Domhanda i gCuimhne ar Dhaoine a d'Fhulaing de dheasca Timpistí ar Bhóithre



## Nollaig



Na Duaiseanna um Cheannródaíocht maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre



Tús reachtaíochta maidir le tiománaí faoi oiliúint gan tionlacan.



Lá Náisiúnta Bí Sábháilte, Bí Infheicthe




# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

dtt RSA
Tástáil Teoirice Tiomána
Driver Theory Test

In Iúil 2018, sheol muid iarratas ar líne do cheadúnais tiománaithe. Tugann sé sin deis do dhaoine nach bhfuil aon athrú sonraí acu a gceadúnas reatha a athnuachan ar líne. Ba é sin Céim 1 den tionscadal. Ligfear do chustaiméirí uile le Céim II athnuachan a dhéanamh ar líne. Seolfaimid Céim II i nDeireadh Fómhair 2019.


Chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú tá muid ag forbairt córais nua ar líne lena ligfear do chustaiméirí iarratas a dhéanamh ar thástáil

tiomána agus am na trialach agus suíomh na trialach a oireann dóibh a roghnú. Laghdú ar mhéid an pháipéarachais do chustaiméirí an toradh a bheidh air seo. Beidh an córas nua i bhfeidhm san fhómhar in 2019.



## Ionaid Thástáil Tiomána nua

D'oscail muid roinnt Ionad Tástála Tiomána nua in 2018, agus Gaillimh, Mullach Eadrad, Gráinseach an Déin agus Dún Laoghaire san áireamh.





**52**

tástálaithe tiománaithe nua arna n-earcú in 2018

**4**

ionad tástála tiománaithe nua arna n-oscailt in 2018

## Líon na dtiománaithe a bhfuil ceadanna foghlaimeora iomadúla acu in 2018



| | |
|---|---|
| 1ú chead | 124,352 |
| 2ú cead | 54,689 |
| 3ú cead | 13,622 |
| 4ú cead | 10,727 |
| 5ú cead nó níos mó | 36,674 |
| Iomlán | 240,064 |

Líon na dtiománaithe a bhfuil ceadanna foghlaimeora iomadúla acu in 2018

# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

(ar lean)

## An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (SNCT)

**484,897**
Láncheadúnais arna n-eisiúint

**95%**
de cheadúnais arna n-eisiúint laistigh de 3-5 lá.

**185,663**
Ceadanna do thiománaithe faoi oiliúint arna n-eisiúint

**24,506**
Ceadúnais eachtracha a malartaíodh


### Miondealú na gceadúnas arna n-eisiúint faoi chineál an iarratais in 2018

| Cineál an Iarratais | Líon na n-iarratas |
|---|---|
| Ceadúnas eachtrach a malartaíodh | 24,506 |
| Ceadúnas Tiomána | 419,385 |
| Ceadanna foghlaimeora | 174,532 |
| Ceadúnais tiomána a athsholáthraíodh | 65,512 |
| Ceadanna foghlaimeora a athsholáthraíodh | 11,131 |
| **Iomlán** | **695,066** |

### Na cúig thír is airde ó thaobh malartú ceadúnais a dhéanamh in 2018 (ceadúnas eachtrach a malartaíodh le haghaidh cheadúnas na hÉireann)

| Tír an mhalartaithe | % na malartuithe foriomlána |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe | 23.74 % |
| An Pholainn | 15.61 % |
| An Rómáin | 7.39 % |
| An Liotuáin | 6.92 % |
| An Astráil | 5.78 % |

## Tástála teoirice tiomána 2018




**Líon na dtástálacha teoirice a críochnaíodh in 2018**

- Líon na dtástálacha teoirice a sceidealadh
- Líon na dtástálacha teoirice a reáchtáladh
- Líon na dtástálacha teoirice ina bhfuarthas pas
- Líon na dtástálacha teoirice inar theip ar an iarrthóir

# Faisnéis maidir le Tástáil Tiománaithe 2018



## Tástálacha a soláthraíodh de réir torthaí.

**Iarratasóir as láthair**
(níor tháinig an tiománaí chuig an tástáil)

15,523 | 10%

**Tástálacha nach ndearnadh**
(fadhb tiomána nó feithicle)

6,744 | 4%

**Tástálacha nár críochnaíodh**
(e.g. aimsir, nó cliseadh feithicle le linn na tástála)

3,554 | 2%

**Críochnaithe**
(Toradh: pas nó teip)

136,316 | 84 %

**Líon iomlán tástálacha a soláthraíodh**

162,137 | 100%

## Achoimre


| | Iarratais a fuarthas | Líon iomlán tástálacha a soláthraíodh | Pasráta |
|---|---|---|---|
| **Gluaisrothair** | 3,909 | 3,254 | 67% |
| **Carranna** | 149,533 | 143,939 | 49% |
| **Feithiclí C** | 8,321 | 7,960 | 74% |
| **Feithiclí D** | 4,112 | 3,669 | 78% |
| **Carr agus leantóir** | 3,307 | 3,297 | 83% |
| **W (tarracóir)** | 55 | 18 | 100% |
| **Iomlán** | **169,237** | **162,137** | **52%** |

# Faisnéis maidir le Tástáil Tiománaithe 2018

(ar lean)


## Anailís ar an bpasráta de réir déimeagrafaigh

### Aoisghrúpa





**Anailís ar an bpasráta de réir an aoisghrúpa**

### Meán-amanna feithimh tástálacha tiomána





**Meán-amanna feithimh tástálacha tiomána** ● Tréimhse feithimh — Sprioc

## Tástálacha cairr don Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe amháin




**Pasráta na tástála tiomána – EDT á dhéanamh ag an tiománaí**





**Pasráta na tástála tiomána – gan EDT á dhéanamh ag an tiománaí**

B'éigean do thiománaí a fuair an chéad cheadúnas foghlaimeora an 4 Aibreán 2011 nó ina dhiaidh sin tabhairt faoi Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe


## An locht ba choitianta ag na tástálacha

### Tástálacha cairr amháin




Rinneadh sampláil ar na sonraí de na cásanna inar theip ar an iarratasóir ina dhiaidh nó inar cuireadh deireadh leis an tástáil don bhliain 2018 ar fad. Níor cuireadh san áireamh ach lochtanna den Rangú Meán (Grád 2) agus Contúirteach (Grád 3).

## Na cúiseanna ba mhinice nach ndearnadh tástálacha



# Sealbhóirí ceadúnas de réir contae amhail an 31 Nollaig 2018

| An tÚdarás um Cheadúnú - an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ceadanna foghlaimeora | Ceadúnais bhliantúla | Ceadúnais 3 bliana | Ceadúnais 10 mbliana | Líon iomlán (ceadúnais agus ceadanna) |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 3,604 | 171 | 3,765 | 31,909 | **39,449** |
| An Cabhán | 4,219 | 230 | 4,775 | 39,503 | **48,727** |
| An Clár | 5,563 | 436 | 8,854 | 65,682 | **80,535** |
| Corcaigh | 26,777 | 1,513 | 35,594 | 278,172 | **342,056** |
| Dún na nGall | 7,126 | 583 | 11,156 | 82,349 | **101,214** |
| Baile Átha Cliath | 68,445 | 3,439 | 71,405 | 575,842 | **719,131** |
| Gaillimh | 11,895 | 622 | 16,354 | 134,067 | **162,938** |
| Ciarraí | 7,321 | 407 | 11,541 | 79,874 | **99,143** |
| Cill Dara | 11,774 | 486 | 11,149 | 114,426 | **137,835** |
| Cill Chainnigh | 5,238 | 392 | 6,397 | 49,394 | **61,421** |
| Laois | 4,301 | 347 | 4,286 | 39,542 | **48,476** |
| Liatroim | 1,579 | 131 | 2,506 | 18,010 | **22,226** |
| Luimneach | 9,081 | 773 | 12,719 | 99,336 | **121,909** |
| An Longfort | 2,236 | 106 | 2,900 | 20,396 | **25,638** |
| Lú | 6,215 | 342 | 7,276 | 61,411 | **75,244** |
| Maigh Eo | 6,047 | 418 | 10,293 | 71,749 | **88,507** |
| An Mhí | 9,801 | 445 | 10,693 | 102,116 | **123,055** |
| Muineachán | 2,626 | 245 | 4,037 | 34,348 | **41,256** |
| Uíbh Fhailí | 3,977 | 348 | 4,742 | 40,267 | **49,334** |
| Ros Comáin | 2,951 | 239 | 5,229 | 35,210 | **43,629** |
| Sligeach | 2,907 | 340 | 5,022 | 35,333 | **43,602** |
| Tiobraid Árann | 9,052 | 676 | 12,115 | 85,580 | **107,423** |
| Port Láirge | 6,082 | 344 | 8,128 | 60,355 | **74,909** |
| An Iarmhí | 4,997 | 233 | 5,559 | 46,921 | **57,710** |
| Loch Garman | 8,481 | 945 | 10,719 | 79,717 | **99,862** |
| Cill Mhantáin | 7,769 | 458 | 9,574 | 74,162 | **91,963** |
| **Iomlán** | **240,064** | **14,669** | **296,788** | **2,355,671** | **2,907,192** |
| **An t-athrú ón 31 Nollaig 2017** | **−6,084** | **1,325** | **16,419** | **29,370** | **41,030** |

# Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála

Is caighdeán tiomána é Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (CTSÉ) do thiománaithe seirbhísí éigeandála in Éirinn. An cuspóir atá aige ná iompar cuí agus dearcadh freagrach i leith scileanna tiomána a chur chun cinn. 02Déanfaidh na cuspóirí sin an baol a bhaineann le tiomáint na práinnfhreagartha a laghdú cuid mhór.


Déantar na cásanna deacra áirithe a dtugann tiománaithe aghaidh orthu a mheas sa chaighdeán. Cuirtear tiománaithe faoi oiliúint sa dóigh is go mbeidh siad in ann cásanna dá leithéid a láimhseáil agus plé leo.

Ó sheoladh CTSÉ Céim 2 tá a lán suime á léiriú ag na seirbhísí otharcharranna príobháideacha agus ag na heagraíochtaí deonacha chun go mbeidh a gcuid tiománaithe oilte go dtí caighdeán an CTSÉ.

Tá áit á baint amach ag an CTSÉ mar cháilíocht thábhachtach le haghaidh tiománaithe na seirbhísí éigeandála in Éirinn.

**Painéal Oibre CTSÉ**

Cuireadh painéal oibre ar bun le baill ó:




**Líon na nDeimhnithe Tiomána ESDS arna n-eisiúint in 2018**





# Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú

Bliain lán gníomhaíochta déine a bhí in 2018 don Stiúrthóireacht Tástála Feithiclí agus Forfheidhmithe agus tosaíochtaí straitéiseacha agus oibríochta á mbaint amach aici.

Chuireamar an tréimhse réamhcháiliúcháin don chonradh athligean TNG i gcrích agus thugamar cuireadh do chúig eagraíocht a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu mar gheall ar iniúchadh tástála páirt a ghlacadh i gcéim na tairisceana.

Leanamar ar aghaidh leis an gcur chuige a chur i bhfeidhm ina bhfuil tús áite ag sonraí ó thaobh forfheidhmithe de. Úsáidtear an Comhartha Baoil d’Oibreoirí Feithiclí Tráchtála atá againn sa straitéis mar chóras d’fhonn ár n-áiseanna a dhíriú ar oibritheoirí na bhfeithiclí troma tráchtála sin nach dócha a bheith comhlíontach. Mar sin de, baintear an úsáid is fearr as na hacmhainní teoranta atá againn.

Chuireamar an próiseas soláthair do sheirbhísí iniúchta theicniúil i gcrích don dá chóras, an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNG) agus an Tástáil Ródacmhainneachta um Fheithiclí Tráchtála (CVRT), chomh maith le hiniúchtaí ródacmhainneachta ar áitribh oibreoirí in 2018. Rinneadh an soláthar seirbhíse a aistriú go rathúil ón gconraitheoir roimhe go AA Ireland Teo., an conraitheoir ar a ndearnadh an conradh a dhámhachtain le haghaidh na seirbhísí a theastóidh.



### Reachtaíocht agus beartas AE/náisiúnta

Tháinig Treoir 2014/45 ón AE i bhfeidhm i mí Bealtaine 2018 i dtíortha AE. Bhí roinnt athruithe ann mar sin don CVRT agus TNG araon. Toradh suntasach amháin de bharr na treorach ná go ndearnadh líon ní ba mhó feithiclí a rangú mar fheithiclí a raibh locht contúirteach orthu mar gheall ar na boinn sna tástálacha CVRT agus TNG.

Tháinig rialacha isteach le Treoir 2014/47/AE maidir le feithiclí tráchtála a iniúchadh ag taobh an bhóthair le haghaidh ródacmhainneacht theicniúil Ghlacamar leo sin, cumhachtaí úra lena ligtear dúinn feithiclí tráchtála a bhfuil locht contúirteach orthu a choimeád faoi choinneáil agus a dhíluailiú san áireamh. Chuireamar tús le pleananna cur chun feidhme le linn 2018.

Rinneamar teagmháil go réamhghníomhach le Coimisiún an AE faoi thograí nua dlí maidir le reachtaíocht infheidhmithe ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

### Ionaid tástála CVR a ullmhú do thástáil 'ghasta' tarracóirí

Chomhoibríomar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chomh maith leis an líonra tástála CVR agus SIMI ó thaobh ionaid tástála agus tástálaithe a ullmhú de d'fhonn tástáil 'ghasta' tarracóirí a chur ar fáil, údarú oibreoirí agus tástálaithe CVR san áireamh. Foilsíodh eolas treorach ar ár suíomh gréasáin maidir leis na riachtanais úra do thástáil tarracóirí. Ní fhéadfaí an spriocdháta de mhí Bealtaine 2018 a bhaint amach chun tús a chur le tástáil 'ghasta' tarracóirí sa Stát murach comhoibriú agus tiomantas na bpáirtithe go léir, infheistíocht déanta ag ionaid tástála faoi leith san áireamh.

### Brexit

Bhí páirt lárnach ag Brexit inár gcuid oibre i rith 2018. Imreoidh sé tionchar go díreach ar an Stiúrthóireacht um Thástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú, fiú más Brexit 'bog' a bheidh ann. Rinneamar na torthaí a bhféadfaí a bheith ann mar gheall ar Brexit a mheas ar bhonn leanúnach. Thángamar ar chéimeanna ciallmhara a bhféadaimid a ghlacadh chun aon dochar a d'fhéadfadh Brexit a dhéanamh dár dtosaíochtaí oibriúcháin agus straitéiseacha a laghdú. Tá an Stiúrthóireacht ag obair go réamhghníomhach leis sin, agus táimid ag plé le bainistíocht shinsearach an Údaráis, Bord an Údaráis agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi mar is gá.

| | An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán (TNG) | Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT) |
|---|---|---|
| **Líon na dtástálacha iomlána a cuireadh i gcrích** | 1,343,794 | 493,143 |
| **Pasráta ar thástálacha iomlána** | 49.2% | 59% |
| **Torthaí Teipe Contúirtí** | 37,191* | 27,235* |
| **Comhpháirteanna is mó teipe** | ▸ Soilse<br>▸ Crochadh agus Stiúradh<br>▸ Coscáin<br>▸ Boinn | ▸ Stiúradh agus crochadh<br>▸ Coscáin<br>▸ Soilse<br>▸ Cábán agus cabhalra |

*Méadú ar Theip Chontúirteach mar gheall ar an athrú dlí agus athailíniú Threoir 2014/45/AE um lámhleabhair.
Ní raibh aon athrú ann ó 2017 ar na cúiseanna ba choitianta le teip do na tástálacha TNG ná CVRT.

# Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú

(ar lean)

## Buaicphointí

Feidhmíocht maidir le tástáil a bheith in am

**TNG** — Bhí laghdú ar thástáil a bheith in am in 2018 sa "mhí dhliteí" ó 67% i Nollaig 2017 go 62.4% i Nollaig 2018. Tháinig laghdú ar thástálacha i ndiaidh trí mhí fosta ó 90.7% i Nollaig 2017 go 89.3% i Nollaig 2018.

**CVRT** - D'fhan comhlíonadh maidir le tástáil in am in 2018 san áit a raibh sé in 2017, agus tháinig 66% de na feithiclí tráchtála i láthair le haghaidh tástála laistigh de mhí amháin óna ndáta dlite don tástáil. 62.67% an figiúr a bhí ann don tástáil in am d'fheithiclí tráchtála éadroma (níos lú ná 3,500 kg) sa bhliain 2018, feabhas measartha ó 62.33% in 2017. Bhí feabhas le feiceáil fosta sna feithiclí a raibh ollmheáchan ceaptha feithicle idir 3500 kg agus 7,500 kg acu. 64.5% an figiúr a bhí ann dóibh siúd in 2018 i gcomparáid le 63.5% in 2017. Ba iad na feithiclí busanna móra ab fhearr ó thaobh a bheith comhlíontach maidir le tástáil in am. 89.17% an figiúir a bhí ann dóibh.

Toilleadh TNG

Bhí 47 n-ionad TNG ann faoi dheireadh 2018, agus 553 cigirí.

Pasrátaí/rátaí teipe TNG

Bhí méadú beag ar na pasrátaí céaduaire in 2018, rud a d'ardaigh go 49.24%. Flít ní b'óige ba chúis leis sin den chuid is mó. Ba 8.3 bliain d'aois meánaois na bhfeithiclí faoi dheireadh 2018, i gcomparáid le 8.7 bliain in 2017.

Oibreoirí tástála agus údaruithe tástálaithe CVR

Tá oibreoirí tástála CVR údaraithe le haghaidh tástáil a dhéanamh ar fheithiclí troma tráchtála, feithiclí a úsáidtear d'fhonn earraí guaiseacha a iompar, tarracóirí gasta agus/nó feithiclí éadroma tráchtála i 149 n-ionad tástála údaraithe CVR ar fud na tíre. Déanaimid an clár le haghaidh oibreoirí tástála CVR a nuashonrú go rialta agus féadtar amharc air ar www.cvrt.ie. Bhí 529 tástálaithe údaraithe ann faoi dheireadh 2018.

Dianmhonatóireacht ar TNG

Déanaimid feidhmíocht TNG a mhonatóiriú agus úsáidimid roinnt eochairtháscairí leis sin a dhéanamh, an mheán-tréimhse feithimh i gcomhair tástálacha agus seirbhís do chustaiméirí ina hiomláine san áireamh. Bhí méadú sa mheán-tréimhse feithimh do thástálacha TNG ó 2.9 lá in 2017 go 5.39 lá in 2018. Tá sin i bhfad níos lú na an t-eochairtháscaire feidhmíochta de 14 lá atá ar conradh. Léiríonn tomhais feidhmíochta na seirbhíse foriomláine do chustaiméirí don TNG gur sháraigh an conraitheoir TNG na híoschaighdeáin le linn 2018.

Monatóireacht ar fheidhmíocht CVRT

Chuir conraitheoir sheirbhís chigireacht theicniúil an RSA 2,056 iniúchadh i gcrích i rith 2018 mar chuid de dhianmhonatóireacht agus maoirseacht ar ionaid CVRT. Tá leibhéal níos airde iniúchta pleanáilte faoi choinne 2019.

# Tástáil Feithiclí agus Forfheidhmiú

(ar lean)

## Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

I gcomhréir le tosaíochtaí an RSA, beimid ag díriú ar ár ngníomhaíochtaí lárnacha sa dóigh is go gcuirfear sábháilteacht ar na bóithre chun cinn. Áirítear leo sin: comhlíonadh rialacha a fheabhsú a bhaineann le tréimhsí tiomána agus tréimhsí feithimh an AE, tacagraif, Teastas d'Inniúlacht Ghairmiúil do Thiománaithe, ceadúnú d'oibreoirí iompair ar bhóthar, díriú ar oibreoirí a bhfuil droch-chuntas teiste acu maidir le comhlíonadh agus comhoibriú leis an nGarda Síochána maidir le seiceálacha ródacmhainneachta cois bóthair ar fheithiclí tráchtála.

### Seiceálacha cois bóthair – ródacmhainneacht

| | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon na seicphointí | 1,844 | **1,351** |
| Seiceálacha ar fheithiclí | 15,238 | **10,392** |
| Feithiclí a raibh lochtanna contúirteacha acu a aimsíodh | 393 | **501** |
| Feithiclí a raibh lochtanna móra acu a aimsíodh | 3,285 | **2,774** |
| An ráta comhlíonta | 48% | **44%** |

### Seiceálacha cois bóthair – seiceálacha uaireanta tiománaithe, tacagraif agus ceadúnaithe oibreoirí

| | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon na dtiománaithe a seiceáladh | 1,849 | **2,218** |
| Iomlán na dtaifead a seiceáladh | 47,638 | **50,262** |
| Sáruithe a aimsíodh | 1,834 | **1,937** |
| Ionchúisimh a tosaíodh | 164 | **149** |
| An ráta comhlíonta | 72%* | **71%** |

### Iniúchtaí ar áitribh oibreoirí – ródacmhainneacht

| | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon na n-iniúchtaí | 5,434 | **5,292** |
| Líon na bhfeithiclí a seiceáladh | 2,352 | **2,444** |
| Treoracha eisithe | 1,051 | **788** |
| Ráta comhlíonta na chéad chuairte | 42% | **39%** |
| Ráta comhlíonta na dara cuairte | 58 %* | **56%** |

### Iniúchtaí ar áitribh – seiceálacha ar uaireanta tiománaithe, tacagraif agus ceadúnaithe oibreoirí

| | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon na n-iniúchtaí | 233 | **197** |
| Líon na dtaifead tiománaithe a seiceáladh | 2,964 | **2,890** |
| Líon na laethanta oibre a anailísíodh | 427,488 | **410,994** |
| Líon na sáruithe a aimsíodh | 7,506 | **6,936** |
| Ionchúisimh a tosaíodh | 23 | **27** |
| An ráta comhlíonta | 23%* | **23%** |

*Glactar le sárú atá Tromchúiseach, An-Tromchúiseach agus Is Tromchúisí amhail is go bhfuil sin neamh-chomhlíontach agus comhlíonadh á ríomh. Fágtar mionsáruithe ar lár.

### Feidhmíocht a fheabhsú maidir le féindearbhúchán oibreoirí.

Tháinig méadú ar chomhlíonadh oibleagáide féindearbhúcháin oibreoirí HCV le linn 2018 ó 58% go 48%. Bhí 134 chlárúchán nua ar líne ar cvrt.ie gach mí ar an meán. Faoi dheireadh 2018, bhí féindearbhú bailí ag 73% de HCVanna.

### Táscaire Priacail d'Oibreoirí Feithiclí Tráchtála (CVORI)

Tá oibreoirí HCV in ann amharc ar a rátáil féin i dtaobh priacail de ar líne ar cvrt.ie. Baineann an fhoireann Fhorfheidhmithe leas as CVORI le cuidiú leo teacht ar chinneadh faoi na hoibreoirí agus feithiclí a ndéanfar iniúchadh orthu.

### Rath RSA sa chúirt in 2018

Chuireamar 132 chás ionchúisimh i gcrích go rathúil in 2018, i gcomparáid le 117 gcás in 2017. Ba le sáruithe i dtaobh uaireanta tiománaithe a bhain formhór na gcásanna.



# Caighdeáin Feithiclí

Tá sé de chúram ag an foireann um Chaighdeán Feithiclí forbairt a dhéanamh ar riachtanais náisiúnta, beartais ar chaighdeáin feithiclí agus tástáil theicniúil ródacmhainneachta. Cuirimid eolas teicniúil saineolaíoch ar fáil don tionscal agus don phobal. Táimid de shíor ag iarraidh caighdeán na bhfeithiclí ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú. Tugaimid caighdeáin shábháilteachta nua isteach leis sin a bhaint amach chomh maith le béim a chur ar chothabháil cheart feithicle. Déanaimid monatóireacht ghrinn ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus forbairtí domhanda i dteicneolaíocht feithiclí lena ndéantar sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú.

### Tástáil ródacmhainneachta feithiclí

Táimid go fóill ag cur dea-chleachtas chun tosaigh i gcaighdeáin tástála ródacmhainneachta feithiclí in Éirinn. D'éirigh linn na príomh-thionscnaimh sábháilteachta feithiclí seo a leanas a chur i gcrích le linn 2018:

- Feidhmiú ghné na bhfeithiclí tráchtála den Treoir um Ródacmhainneacht (2014/45/AE) a chomhordú in am do spriocdháta éigeantach an AE.
- Athbhreithniú cuimsitheach ar chaighdeáin tástála don Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNG) agus CVR a chur i gcrích.
- Sraith de lámhleabhair nua-deartha do thástáil ródacmhainneachta d'fheithiclí éadroma agus troma tráchtála agus paisinéirí a fhoilsiú.
- Tástáil nua ródacmhainneachta do chatagóirí sonracha tarracóirí 'gasta' a fhorbairt.

### Reachtaíocht agus beartas AE/náisiúnta

Ghlac reachtaíocht thánaisteach éifeacht faoi dhlí i mí Feabhra 2018 lenar tugadh isteach teorainn meáchain do thrucailí neamhaltacha 5 acastóir. Is léir go dtiocfaidh feabhas ar shábháilteacht ar na bóithre as siocair gur tugadh isteach an teorainn uasta meáchain don chatagóir sin feithicle.

Rinneamar tacaíocht theicniúil a sholáthar in 2018 don tionscadal athligean TNG fosta. Rinneamar an tsonraíocht theicniúil don chonradh nua (2020-2030) a fhorbairt.

### Forbairtí teicniúla

Rinneamar ionadaíocht d'Éirinn ag roinnt fóraim idirnáisiúnta. Bhí na grúpaí oibre saineolaíocha uathghluaisneacha sa Choimisiún Eorpach agus Comhairle Eorpach i gceist leo, chomh maith le himeachtaí tábhachtacha eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. An aidhm a bhí againn ná ár ndualgais mar Bhallstát a chomhlíonadh chomh maith le feabhas teicniúil sa réimse seo againne a bhaint amach.

### Bainistíocht faisnéise teicniúla

Leanamar orainn in 2018 tuiscint an phobail a mhéadú i dtaca le dualgais an tiománaí an fheithicil a choinneáil i riocht ródacmhainneach agus an tábhacht a bhaineann le feidhmiú ceart ghnéithe na sábháilteachta feithicle. D'fhorbraíomar cluiche idirghníomhach in 2018 chun daoine óga a theagasc faoi bhunriachtanais chothabhála feithiclí. Chuir an cluiche beocht i gcúram feithiclí ar dhóigh spraíúil dhinimiciúil.

Leagamar aird ar leith ar cháil agus úsáid bonn úsáidte a bhunú in Éirinn in 2018. Bhaineamar leas as tasc cuimsitheach 'rúnsiopadóireachta' chun sin a dhéanamh. Dhírigh na torthaí foilsithe aird ar an imní atá againn maidir le baill den phobal a bheith ag ceannach na mbonn sin, ó thaobh na sábháilteachta de.

## Oibríochtaí custaiméirí in 2018

**3,206**

cheadúnas maidir le hearraí contúirteacha a iompar (ADR) próiseáilte anuraidh lenár seirbhís 24/7 ar líne.

**20,000**

iarratas maolaithe ceann sraithe próiseáilte

**3,206**

cheist theicniúla freagartha

**680**

feithicil seirbhíse poiblí ar eisíodh ceadúnas speisialta dóibh lena n-oibríocht ar bhóithre poiblí a cheadú




# Seirbhísí Corparáideacha agus Tacaíochta RSA

Sa bhliain 2018, chuireamar leis an obair a rinneadh sna blianta roimhe ár bhfreagracht maidir le tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar a dhaingniú, sna réimsí seo a leanas: tacaíocht don bhord, rialachas corparáideach, airgeadas, soláthar, bainistíocht conartha, soláthar áiseanna, soláthar flít, rialachas sonraí, saoráil faisnéise a riar, agus sláinte agus sábháilteacht.

Ba iad na buaicphointí a bhí againn in 2018:

- **An Bord** — rinneadh tuilleadh forbartha ar an struchtúr rialaithe, a forbraíodh ar dtús in 2017, rud lena ligeadh do riarachán ní b'éifeachtaí an bhoird.
- **Rialachas Corparáideach** — sholáthraíomar achoimre ar na riachtanais chomhréireachta faoin gCód Cleachtais le haghaidh Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.
- **Airgeadas** — chuireamar an Modúl nua ó Sholáthar go hÍoc ar fáil, agus bhí gnóthachain éifeachtúlachta thar an RSA dá bharr.
- **Soláthar** — chuireamar roinnt próiseas soláthair ildisciplíneacha an-mhór i gcrích in 2018.
- **Bainistíocht Conartha**— chuireamar gnáthaimh maidir le leasú agus bainistíocht conarthaí ar bhonn foirmiúil a thuilleadh.
- **Áiseanna** —chuireamar eastát nua ar fáil i nGaillimh, Dún Laoghaire agus Mullach Eadrad in 2018. Rinneamar dul chun cinn soiléir de thairbhe eastát nua a chur ar fáil i mBéal an Átha, Baile Locha Riach, sa Cabhán agusi nDún Dealgan in 2019.
- **Flít** — sholáthraíomar flít nua don fhoireann Fhorfheidhmithe.
- **Rialachas sonraí** — thugamar isteach ár struchtúir rialachais sonraí atá comhlíontach le RGCS, chomh maith le beartais, nósanna imeachta, próisis agus oiliúint, le cinntiú go gcuirfear RGCS i bhfeidhm gan bhac an 25 Bealtaine 2018.
- **Saoráil Faisnéise** — d'fhreagraíomar 89 n-iarratas SF agus 23 iarratas duine ar a s(h)onraí.
- **Sláinte agus Sábháilteacht** — thugamar an Clár Oibre Aonair, agus leis sin chuireamar teicneolaíocht chianda ar fáil agus thugamar Clár Dearfach Oibre i gcomhcheangal leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

# Na Daoine Seo Againne

## Suirbhé páirtíochta foirne

Rinneamar an suirbhé páirtíochta foirne a choimisiúnú le cuidiú linn Gníomh 17 sa *Straitéis Chorparáideach 2016–2020*a thabhairt chun cinn: páirtíocht fostaithe a mhéadú.

Bonnlíne a bhí sa suirbhé, agus féadaimid páirtíocht fostaithe a mheas i dtaca leis, agus méadracha feidhmíochta a bhféadaimid a úsáid mar thagarmharc. Chuireamar torthaí an tsuirbhé i láthair don fhoireann sa dóigh is go dtiocfadh le gach aonad gnó gníomhaíochtaí sonracha a roghnú le baint amach. Déanfaidh an fhoireann cheannaireachta shinsearach monatóireacht ar na gníomhartha sin le cinntiú go gcuirfear i gcrích iad taobh istigh den fhráma ama beartaithe.

**377**

fostaithe coibhéise lánaimseartha (CL)

**2.7%**

an ráta neamhláithreachta do R4 2018 atá ina leath de leibhéil 2017 agus i bhfad níos lú ná meán-leibhéal na státseirbhíse de 4.4%

**2.2%**


léiríonn an ráta neamhfhreastail go bhfuil ár bhfoireann á coinneáil againn.

**30%**

den fhoireann a dúirt gur an príomhchúis a bhfuil siad ag obair linn ná go bhfuil siad in ann ‘difear a dhéanamh’

### Dúirt 74% den fhoireann go raibh siad sásta leis an RSA mar fhostóir


Iomlán: n=305



# Na Daoine Seo Againne

(ar lean)

## Neamhláithreacht foirne





### Inlíon foirne RSA 'myRSA'



Ghlacamar le huirlis nua bogearraí teagmhála inmheánacha in 2018 a chuireann ar ár gcumas Nuachtlitir idirghníomhach shuimiúil don fhoireann a sholáthar, chomh maith le fógraí tábhachtacha eile agus cuirí chuig imeachtaí.

## Cothromaíocht inscne na foirne





### Meánchóimheas pá inscne



## Oiliúint Foirne

Bhí an-bhéim ar oiliúint ár bhfoirne sa dara leath de 2018:









# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

## An tAonad Straitéise

Chuir an RSA an t-Aonad Straitéise ar bun i mí Feabhra 2017 le tacú leis an *bPlean Corparáideach 2016-2020* a chur i gcrích agus leis sin a chomhordú.

D'oibrigh an tAonad Straitéise le réimsí gnó i rith 2018 le tacaíocht agus spreagadh a thabhairt na tairiscintí sin a sholáthar. I measc na ngníomhartha bhí:

- Feabhas á chur ar bhonn leanúnach ar ár múnla pleanála gnó. Déanfaidh seo a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí go léir na heagraíochta i gcomhréir lenár spriocanna straitéise, go n-úsáidfear tuairisciú ráithiúil le príomh-thionscnaimh a leanúint, agus go dtiocfaidh feabhas ar ár n-eochairtháscairí feidhmíochta.
- D'oibríomar le gach réimse gnó le tacaíocht ónár nÚdarás Deartha le treochlár a fhorbairt d'fhonn turas custaiméara imeasctha a sholáthar. Ciallóidh seo go mbeidh sé níos fusa don phobal seirbhísí RSA a úsáid.
- Chuireamar Aonad Anailísíochta Sonraí ar bun, a fhorbróidh straitéis sonraí RSA. Cabhróidh seo linn sonraí a úsáid le gníomhaíochtaí RSA a spreagadh agus a dhíriú ar bhearta coisctheacha a bhfuil sé mar aidhm acu saolta a shábháil agus gortuithe a laghdú.
- Dhíríomar ar ár gcumas inmheánach a mhéadú, agus leis seo a bhaint amach cuireadh tús le tionscnaimh scáthfhoghlama, féidearthachtaí foghlama agus forbartha, cumarsáid athraithe agus suirbhéanna páirtíochta fostaithe. Rinneadh comhoibriú inmheánach agus bunaíodh fóraim áirithe, mar shampla áisitheoirí athraithe, fóraim feabhsaithe ceannaireachta agus próisis le páirt a thabhairt don fhoireann agus le tacú le hathruithe móra a dhéanamh.

Leanfar ar aghaidh leis na rudaí thuasluaite in 2019 agus muid ag obair le cinntiú go soláthrófar an Plean Corparáideach.

## Ionad Glaonna Chustaiméirí an RSA.

Bhunaigh an RSA an tIonad Glaonna Custaiméirí in 2011 le go mbeadh sé níos fusa do chustaiméirí teagmháil a dhéanamh linn agus go mbeidís in ann teacht ar eolas a bhféadaidís brath air a bheadh comhsheasmhach agus a bhfaighidís go tráthúil.

Fuaireamar níos mó ná 353,000 glao in 2018 Ba é sin laghdú 15% ar líon 2017 An cuspóir atá againn ná go bhfaighidh gach custaiméir seirbhís ardchaighdeáin chostéifeachtach thráthúil le seirbhís chustaiméirí den scoth faoi 2020.

Táimid ag tabhairt faoi seo le clár bainistíochta athraithe gnó. Déanfaidh seo a chinntiú go bhfuil na córais, daoine agus próisis seo againne ag comhlíonadh ár gcur chuige lárnach, is é sin an custaiméir a bheith i gcroílár gach a ndéanaimid. Má sholáthrófar na feabhsuithe seo, déanfar a chinntiú go mbeimid ullmhaithe d'fhás amach anseo agus aon ardú a thiocfaidh san éileamh dár seirbhísí.

D'eagraíomar foireann tionscadail in 2018 chun an soláthar den chlár nua bunathraithe chórais agus ghnó a chomhordú. Cheapamar soláthraí chun an réiteach nua teicniúil a sholáthar agus rinneamar teagmháil le baill foirne le cuidiú leo do theacht na teicneolaíochta nua. Beidh seo in áit sa chéad leath de 2019.

Fuaireamar níos mó ná
**350,000**
glao in 2018

Laghdú
**15%**
ar líon 2017



# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

(ar lean)

## An Clár Sármhaitheasa Oibríochtúla

Cuirtear ceannairí feabhsaithe próisis i bhfeidhm i ngach aonad gnó chun an Clár Sármhaitheasa Oibríochtúla a sholáthar chomh maith le foireann Sármhaitheasa Oibríochtúla thiomanta ar a bhfuil 3 bhall foirne den RSA. Tá an fhoireann Sármhaitheasa Oibríochtúla freagrach as próisis san eagraíocht ar fad a athbhreithniú agus as feabhsuithe ar na próisis sin a mholadh.

Chomh maith leis sin, chuireamar tús le próisis a uathoibriú le bogearraí Uathoibriú Próisis Róbataice, rud a chiallaíonn go bhfuil laghdú suntasach ar thascanna atriallacha láimhe, agus a fhágann go bhfuil am saor ag an bhfoireann luí isteach ar obair eile. Ceann amháin de na buntáistí a bhaineann leis an uathoibriú próisis ná go bhféadtar coinní tástála tiomána a chealú trí SMS/téacs. Sula raibh uathoibriú próisis ann, ba ghnách leis na hiarratais seo cuid mhaith uaireanta d'am na foirne a thógáil.

## Dlíthiúil

Bhunaigh an RSA an tIonad Barr Feabhais Dlí i lár 2017, agus ba í 2018 an chéad bhliain iomlán le bheith ag feidhmiú. Tá sé mar chuspóir againn comhairle dlí slán, phragmatach, tráchtála agus treoir a thabhairt don ghnó le linn dúinn a bheith ag tacú le Plean Corparáideach agus clár reachtaíochta an RSA.

Sampla dár gcuid oibre in 2018 ná gur bhunaíomar seirbhís chomhairleach dlí inmheánach. Thugamar tacaíocht do thionscadail éagsúla a bhí an-tábhachtach ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear an córas nua um Fhiosrú, Fios agus Teileafónaíocht a sholáthar, páirteanna den Tionscadal maidir le Turas an Chustaiméara a Athrú ó Bhonn, agus ullmhúchán a rinneadh sular tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) isteach.

Bhuaileamar go rialta fosta leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2018 le tosaíochtaí dlí an RSA a bhrú chun cinn, do reachtaíocht phríomha agus thánaisteach araon.




## Achoimre ar an Oifig Bainistíochta Tionscadal 2018

Táimidne freagrach as tionscadail thar-eagraíochta agus theicniúla a sholáthar fud fad an RSA. Tá bainisteoir tionscadail tiomanta i gceannas ar na tionscadail, agus bíonn an duine sin ag obair le ceannairí inniúlachta atá ina saineolaithe ina réimsí féin faoi seach, e.g. forbairt, seirbhísí tástála.

Tá struchtúr láidir rialachais agus tuairiscithe á leanúint ag na tionscadail le cinntiú go mbainfidh siad amach cuspóirí agus torthaí na dtionscadal. Rinneamar Saolré Tionscadail an RSA a shainmhíniú a thuilleadh, agus téann gach tionscadal iomlán trí sheacht nGeata Céime (seicphointí) athbhreithnithe agus faofa. Rinneamar caighdeánú ar na teimpléid agus úsáidimid uirlisí leis na tionscadail le cuidiú linn cinntí eolacha a dhéanamh.

## An Oifig Bainistíochta Tionscadal seo againne – tacaíocht á tabhairt le tionscadail a sholáthar go héifeachtach




**Líon iomlán na dtionscadal atá ar siúl**

**8**

**Líon na dtionscadal a soláthraíodh**

**7**

**Líon na dtionscadal a bhí éadrom ó thaobh na hoifige bainistíochta tionscadal de**

**12**


**Cuireadh tús leis na cláir agus tionscadail seo in 2018 a dhírigh isteach ar sheirbhísí furasta inrochtana dár gcustaiméirí a sholáthar:**

- Seirbhís Náisiúnta Ceadúnas Tiomána Ar Líne – a ligeann dár gcustaiméirí iarratas a dhéanamh ar líne do cheadanna foghlaimeora agus ceadúnais.
- Córas chun tástáil tiomána a chur in áirithe agus a sceidealú – rochtain á feabhsú do thástálacha tiomána.
- Córas Iarratais, feasa agus teileafónaíochta – tacaíocht a thabhairt do chustaiméirí teacht ar an eolas atá uathu níos gasta agus níos fusa.
- Tairseach Chustaiméirí an RSA, rud a ligeann dár gcustaiméirí ár seirbhísí a rochtain le pointe teagmhála digiteach amháin, rud a chiallaíonn nach n-iarraimid an fhaisnéis chéanna ó chustaiméirí arís agus arís eile.
- Barr Feabhais Bhonneagar TFC

Leanfar ar aghaidh leis an obair ar na tionscadail seo in 2019 agus ag tús 2020 nuair a bheidh custaiméirí in ann na seirbhísí tosaigh ag teacht chun solais a fheiceáil.

# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

(ar lean)



Ionad sonraí an RSA suite ag ceanncheathrún Bhéal an Átha

## TFC

Cumasóir tábhachtach a bhí sa chuspóir TFC 2018 a chuidigh le gnólacht an RSA an fhís dá chuid a bhaint amach. Thugamar ceannaireacht agus tacaíocht do na straitéisí teicneolaíochta a aithníodh sa Phlean Corparáideach.

Chomh maith leis sin, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na hacmhainní teicneolaíochta riachtanacha atá de dhíobháil orthu ag gach ball foirne lena bpost a dhéanamh go héifeachtach ar bhonn laethúil.

Le cuidiú linn na cuspóirí sin a bhaint amach, chruthaíomar ranna ní ba lú, dírithe, a luigh isteach ar na cineálacha éagsúla teicneolaíochta. Tá na buaicphointí do gach roinn le feiceáil thíos.

### Bonneagar TFC

Rinneamar cothromóirí lóid nua a shuiteáil ar ár dtimpeallacht phríomha de chórais ghnó oibríochtúla TFC in 2018. Tá sé níos fusa, mar sin, d'oibrithe cianda, amhail tástálaithe tiomána, aipeanna MyRSA a úsáid. Chuireamar tús le deais mhonatóireachta nua a sholáthraíonn tuairisciú fíor-ama ar bhonneagar RSA.

### Slándáil TFC

Tá an fhoireann seo againne freagrach as slándáil iomlán na gcóras TFC. Shocraíomar ballaí dóiteáin nua le nuashonruithe fíor-ama le dul i ngleic le bagairtí slándála nua dár dtimpeallacht phríomha de chórais ghnó FTC. Rinneamar tástáil treáite ar roinnt seirbhísí poiblí RSA a chomhordú. I mí Lúnasa 2018, rinneamar an chéad tástáil innealtóireachta sóisialta, a chuidigh le bearnaí eolais le baill foirne RSA a aithint.

**225**

Tháinig méadú ar ár Scór Slándála Microsoft ó 95, an meánscór tionscail do ranna rialtais, go 225

**0.53 lá**

meánré na dteagmhas TFC

## Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre

# Na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch an
31 Nollaig 2018


| | |
|---|---|
| 57 | Faisnéis Ghinearálta |
| 58 | Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| 60 | Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird |
| 66 | An Ráiteas ar Rialú Inmheánach |
| 68 | An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe |
| 69 | An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach |
| 70 | An Ráiteas ar Staid an Airgeadais |
| 71 | An Ráiteas ar Shreafaí Airgid |
| 72 | Nótaí leis na Ráitis Airgeadais |

# Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Seoladh** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe<br>Cnoc an tSabhaircín<br>Béal an Átha<br>Co Mhaigh Eo |
| **Feidhmeannach Sinsearach** | An tUasal Moyagh Murdock – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| | An tUasal Pearse White – Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais & Seirbhísí Tráchtála |
| | An tUasal Denise Barry - Stiúrthóir Straitéise, Beartais & Teicneolaíochta |
| | An tUasal Liam Duggan - Stiúrthóir um Thástáil Feithiclí & Forfheidhmiú |
| | An tUasal Declan Naughton – Stiúrthóir um Thástáil & Ceadúnú Tiománaithe |
| | An tUasal Michael Rowland – Stiúrthóir um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde & Oideachas Tiománaithe |
| | An tUasal Caroline Greene – Príomhinnealtóir, Caighdeáin Feithiclí |
| **Comhaltaí an Bhoird** | An tUasal Liz O'Donnell (Cathaoirleach) |
| | An tUasal Eddie Rock |
| | An Dr Áine Carroll |
| | An tUasal John Lumsden |
| | An tUasal Aileen O'Toole |
| | An tUasal Kevin Goulding |
| | An tUasal Dimitris Karagiorgis |
| | An tUasal Gillian Treacy (ceaptha 1 Eanáir 2018) |
| | An tUasal Donna Price (ceaptha 1 Eanáir 2018) |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Sráid an Phiarsaigh<br>Béal an Átha<br>Co Mhaigh Eo |
| **Iniúchóirí** | Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Suíomh Gréasáin** | www.rsa.ie |

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar a éillítear faoi fhorálacha alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006. Cuimsítear leis na ráiteas airgeadais

- ráiteas ar Ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, tugtar léargas fíor agus cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid le haghaidh 2018 de réir an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 10 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### *Bonn na Tuairime*

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé Neamhspleách ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chun bonn a sholáthar leis mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Chuir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cuntas tugtha ar mo chuid freagrachtaí maidir le faisnéis dá leithéid, agus maidir le nithe eile a dhéanaim a thuairisciú mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**27 Meitheamh 2019**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Faoi mar a leagtar amach sa ráiteas ar rialachas agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- chun rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheasúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an bonn gnóthais leantaigh iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhí-ráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éillítear orm faoi alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre a iniúchadh agus chun tuairisciú orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam tríd an t-iniúchadh a dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhí-ráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna in ann mí-ráiteas ábhartha a bhrath i gcónaí nuair is ann dó. Féadann mí-ráitis éirí ó chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad más féidir, agus iad ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, tátal a bhaint go réasúnta go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád ar feadh an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí go ndéanfaí míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur ar fáil le mo thuairim. Is mó an riosca nach ndéanfaí míshonruithe ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide mar d'fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéisí, nó sárú na rialála inmheánaí a bheith i gceist leis an gcalaois.
- Faighim tuiscint ar an rialáil inmheánach atá bainteach leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí sna tosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus ar rudaí gaolmhara a nochtar.
- Tagaim ar chonclúid maidir leis an gceist an bhfuil sé cuí an bonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, an bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le tarluithe nó dálaí a mbeadh amhras suntasach ann dá mbarr faoi chumas an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura mbíonn na nochtaí sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a aimsítear suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar láithreoireacht fhoriomlán, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nithe a nochtadh, agus cibé an léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar dhóigh lena dtugtar léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar shainchúram acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme beartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn an iniúchta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim maidir leis na ráitis sin agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin a dhéanamh, déanaim machnamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí mí-ráite go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaim amach go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, éillítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar ghnóthaí eile*

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím más amhlaidh go bhfuil gnéithe ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aimsím aon chás ábhartha a bheith ann nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun críocha a ceapadh dó nó nuair nach raibh idirbhearta ag géilleadh do na húdaráis a dhéanann iad a rialú.

Tuairiscím trí eisceacht freisin má tharla na rudaí a leanas, i mo thuairim,

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta imleor chun ligean d'iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- níl na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntais.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Tá oibríochtaí an Bhoird leagtha amach in alt 14, alt 15 agus alt 16 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá sé freagrach as dea-rialachas a áirithiú. Feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le príomh-shaincheisteanna gnó uile. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus feidhmeannas an RSA atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil an RSA. Ní mór don POF agus an feidhmeannas na treoracha straitéiseacha leathana a leanúint arna leagan síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar na rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an RSA.

## Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTéarmaí Tagartha agus i gClár Oibre Bliantúil an Bhoird lena n-áirítear freisin na gnóthaí atá forchoimeádta go sainiúil do chinneadh an Bhoird. Áirítear le míreanna buana ar a ndéanann an Bord machnamh:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí, lena n-áirítear an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR).
- tuarascálacha faoi fheidhmíocht

Éillítear le hAlt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 ar Bhord an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre go gcoinníonn sé, i cibé foirm a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a fhaigheann agus a chaitheann an tÚdarás.

Éillítear ar Bhord an RSA na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé iomchuí chun a thoimhdiú go leanfaidh sé i mbun feidhme
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choimeád lena léirítear, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinne an CIR measúnú ar fheidhmíocht an RSA i rith na bliana trí thagairt don phlean gnó bliantúil agus don bhuiséad bliantúil, agus thuairiscigh an coiste sin don Bhord.

Anuas air sin, tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor agus cothrom le ráitis airgeadais an RSA ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an RSA amhail an 31 Nollaig 2018.

## Struchtúr an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2018, cuimsíodh leis an mBord Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí, agus ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gach duine acu. Tagann comhaltaí an Bhoird le chéile deich n-uaire in aghaidh na bliana. Sonraítear an tréimhse cheapacháin le haghaidh na gcomhaltaí reatha sa tábla thíos.

| Comhalta an Bhoird | Ról | Fad an Cheapacháin | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|---|
| An tUasal Liz O'Donnell | An Cathaoirleach | 5 bliana | 29 Deireadh Fómhair 2014 |
| An tUasal Eddie Rock | Comhalta gnách | 3 bliana | 14 Meán Fómhair 2016 |
| An Dr Áine Carroll | Comhalta gnách | 3 bliana | 14 Meán Fómhair 2016 |
| An tUasal John Lumsden | Comhalta gnách | 5 bliana | 31 Deireadh Fómhair 2014 |
| An tUasal Aileen O'Toole | Comhalta gnách | 5 bliana | 31 Deireadh Fómhair 2014 |
| An tUasal Kevin Goulding | Comhalta gnách | 3 bliana | 14 Lúnasa 2017 |
| An tUasal Dimitris Karagiorgis | Comhalta gnách | 3 bliana | 21 Meán Fómhair 2017 |
| An tUasal Gillian Treacy | Comhalta gnách | 3 bliana | 01 Eanáir 2018 |
| An tUasal Donna Price | Comhalta gnách | 3 bliana | 01 Eanáir 2018 |

Reáchtáil an Bord Athbhreithniú inmheánach ar Éifeachtúlacht agus Mhaoirseacht an Bhoird in 2018.

Bhunaigh an Bord trí choiste, mar a leanas:

1. Cuimsítear ceathrar comhaltaí Boird leis an **gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)** mar aon le comhalta comhthofa neamhspleách amháin. Is é ról an CIR chun tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go mór mór, cinntíonn an coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe. Is iad comhaltaí an CIR: An tUas. Kevin Goulding (cathaoirleach), An tUas. John Lumsden, An tUas. Aileen O'Toole, An tUas. Dimitris Karagiorgis agus An tUas. Michael Flynn, comhthofa neamhspleách. Tionóladh cúig chruinniú den CIR in 2018.
2. Cuimsítear triúr comhaltaí Boird leis an **gCoiste Luacha Saothair (CLS):**. Is iad comhaltaí an Choiste sin: An tUasal Liz O'Donnell (cathaoirleach), an tUasal John Lumsden agus an Dr Áine Carroll. Tháinig an CLS le chéile i mí Eanáir 2019, chun gach mír ábhartha don tréimhse 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 a mheas.
3. Cuimsítear triúr comhaltaí Boird leis an **gCoiste Rialachais (CR):**. Is é ról an CR chun tacú leis an mBord chun riachtanais dhlíthiúla agus reachtúla a chomhlíonadh, agus chun dea-chleachtas a ghlacadh freisin. Is iad comhaltaí an Choiste sin: An tUasal Aileen O'Toole (cathaoirleach), an tUasal John Lumsden agus an Dr Áine Carroll. Bhí cruinniú amháin den CR ann in 2018.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

(ar leanúint)

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal an tinrimh ag cruinnithe an bhoird agus na gcoistí le haghaidh 2018 leagtha amach thíos agus áirítear leis na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta.

| | An Bord | CIR | CLS* | CR | Táillí Boird/ Coiste 2018 € | Speansais Dheimhnithe 2018 € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | **10** | **5** | **-** | **1** | | |
| **Comhaltaí an Bhoird Reatha** | | | | | | |
| An tUasal Liz O'Donnell (cathaoirleach) | 10 | | | | 11,970 | 17 |
| An tUasal Eddie Rock | 7 | | | | 7,695 | 277 |
| An Dr Áine Carroll | 7 | | | - | - | - |
| An tUasal John Lumsden | 10 | 5 | | 1 | 7,695 | 388 |
| An tUasal Aileen O'Toole | 10 | 4 | | 1 | 7,695 | 542 |
| An tUasal Kevin Goulding | 9 | 5 | | | 7,695 | 374 |
| An tUasal Dimitris Karagiorgis | 10 | 4 | | | 7,695 | 388 |
| An tUasal Gillian Treacy | 9 | | | | 7,549 | 1,742 |
| An tUasal Donna Price | 10 | | | | - | 2,413 |
| An tUasal Michael Flynn (comhalta comhthofa CIR) | | 5 | | | 2,500 | - |
| **Méid iomlán a caitheadh** | | | | | **60,494** | **6,141** |

*Féach ar leathanach 7, maidir le sonraí an chruinnithe.

Ní bhfuair beirt chomhaltaí boird táillí boird in 2018. Roghnaigh comhalta amháin an táille boird a tharscaoileadh. Níor íocadh táille leis an gcomhalta eile i gcomhréir leis an bprionsabal 'duine amháin tuarastal amháin'.

Ba é 91% an meánfhreastal ar chruinnithe an Bhoird in 2018.

**Athruithe ar Phríomhphearsanra**

An Bord

I gcomhréir leis an Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006, cheap an tAire beirt chomhaltaí nua ar an mBord in 2018, An tUas. Gillian Treacy agus An tUas. Donna Price.

An Feidhmeannas

In 2018, rinneadh atheagrú agus mar thoradh air sin rinneadh Caighdeáin Feithiclí ina stiúrthóireacht neamhspleách. Is í An tUasal Caroline Greene príomhinnealtóir na stiúrthóireachta sin.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Athbhunaíodh an CIR i mí Feabhra 2018. Tháinig An tUas. Kevin Goulding agus An tUas. Dimitris Karagiorgis ar an CIR agus ghlac An tUas. Kevin Goulding áit An Uasail John Lumsden mar chathaoirleach ar an CIR, ag méadú líon na gcomhaltaí ó thriúr go cúigear.

**Nochtuithe a Éillítear ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an RSA riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éillítear na nochtuithe a leanas de réir an Chóid:

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe**

Féach an Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe i Nóta 4(b) leis na Ráitis Airgeadais.

**Costais Chomhairleachta**

Áirítear ar na costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' leo.

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 723,222 | 538,316 |
| Feabhsuithe gnó | 3,444,412 | 2,516,547 |
| Eile | 29,874 | 611,184 |
| **Costais Chomhairleachta Iomlána** | **4,197,508** | **3,666,047** |
| Costais chomhairleachta chaipitlithe | 1,622,790 | 774,923 |
| Costais chomhairleachta a cuireadh leis na speansais | 2,574,718 | 2,891,124 |
| **Méid iomlán a caitheadh** | **4,197,508** | **3,666,047** |

### Costais Chomhairleachta (ar lean)

#### Comhairle dlí

Léirítear leis an gcaiteachas méadaithe ar chomhairle dlí in 2018 an gá a bhí le sainchomhairle dlí agus soláthair maidir le trí thionscadal soláthair: athligean na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna (TNG), an conradh um Sholáthraí Seirbhísí Cigireachta Teicniúla (SSCT) don Chlár Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála agus an conradh um Thairseach Réiteach Gnó (TRG), arbh ionann an luach iomlán agus €0.267m.

#### Feabhsuithe gnó

Tá costais na sainchomhairle seachtraí a bhaineann le Treochlár TFC, Oifig Bainistíochta Tionscadal (PMO), Údarás Dearaidh agus foireann Bainistíochta Athruithe a bhunú, chun a Phlean Corparáideach a chur i gcrích, aicmithe faoi fheabhsuithe gnó. Baineann an méadú bliain ar bhliain de réir an aicmithe sin leis na fachtóirí seo a leanas:

1. Costais chomhairleachta chaipitlithe de shuim iomlán €1.6m. Tá méadú suntasach tagtha ar na costais sin bliain ar bhliain toisc go bhfuil roinnt príomhthionscadal TFC agus athraithe gnó ar siúl faoi láthair chun gealltanais ár bPlean Chorparáidigh a chomhlíonadh (na seirbhísí a sholáthróimid do chustaiméirí a chuíchóiriú, ár n-acmhainn, ár gcumas agus ár n-éifeachtacht a fheabhsú agus ár mbonneagar teicniúil a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí). Tá gach costas caipitlithe i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.
2. In 2018, i measc na seirbhísí caipitil a chuir comhairleoirí ar fáil, bhí seirbhísí comhairliúcháin PMO, bainisteoir PMO, Bainisteoirí Tionscadail, Bainisteoirí Tástála, Ailtire Gnó agus Anailísithe Gnó, a raibh a seirbhísí inchurtha go díreach le tionscadal caipitil. Oibríonn na comhairleoirí i gcomhar lenár bhfoireann TFC agus bainisteoirí tionscadail inmheánacha féin chun na tionscadail a chur i gcrích. Tá cead faighte ag an RSA daoine a earcú go díreach do chuid de na príomhróil in 2019, rud a laghdóidh ár spleáchas ar chomhairleoirí agus ár gcaiteachas in 2019.
3. Baineann gné riaracháin na gcostas feabhsaithe gnó de €1.8m a tabhaíodh leis na rudaí seo a leanas:
    - Oifig Bainistíochta Tionscadail Neamhchaipitil de €0.4m, agus tá na costas sin laghdaithe bliain ar bhliain agus leanfar dá laghdú in 2019 de réir mar a dhéanfar acmhainní inmheánacha a fháil.
    - Costas Bainistíochta Athruithe de €1.4m, atá méadaithe bliain ar bhliain mar gheall, go príomha, ar chostais lánbhliana in 2018. Chuir comhairleoirí seachtracha acmhainní agus tacaíocht ar fáil do roinnt gníomhaíochtaí athraithe in 2018, i réimsí ailínithe straitéisigh, oibriúcháin den scoth, cumarsáide, anailísíochta sonraí agus mapála aistir comhtháite custaiméirí. Is é cuspóir sonraithe an RSA ár gcumas inmheánach agus ár n-aistriú eolais féin a fhorbairt agus tá clár scáthfhoghlama i bhfeidhm chun tacú leis sin. Táthar ag súil go mbeidh an RSA níos neamhspleáiche de réir mar a bheidh acmhainní inmheánacha ar fáil ach beidh gá le comhairleoirí seachtracha go gearrthéarmach fós.

#### Eile

Baineann na costais a aicmítear faoi 'eile' sa tábla thuas leis na costais a bhaineann le hullmhúchán chun an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) a thabhairt isteach. Chuige sin, fuair an RSA comhairle sheachtrach chun méid substaintiúil oibre a chur i gcrích in 2017, chun a chinntiú go gcomhlíontar an rialachán faoi dháta an fhorfheidhmithe an 25 Bealtaine 2018. Mar gheall ar an ullmhúchán luath, ní raibh gá ach le comhairle theoranta sheachtrach in 2018 chun comhlíonadh an RGCS a chinntiú faoin dáta forfheidhmithe.

### Costais agus Socraíochtaí Dlí

Soláthraítear miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla i dtaca le hionadaíocht sna cúirteanna i gcásanna forfheidhmithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an RSA, rud atá nochta faoi 'chostais chomhairleachta' thuas.

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Costais imeachtaí dlí | 205,123 | 170,051 |
| **Méid iomlán a caitheadh** | **205,123** | **170,051** |

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar a leanas:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| An Bord | 6,141 | 7,079 |
| Fostaithe | 2,644,654 | 2,189,854 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| An Bord | - | - |
| Fostaithe | 54,586 | 48,257 |
| **Méid iomlán a caitheadh** | **2,705,381** | **2,245,190** |

Léiríonn an méadú ar thaisteal agus ar chothú an méadú ar rátaí a tugadh isteach in 2018 agus an taisteal breise a bhí de dhíth in 2018.

## Caiteachas Fáilteachais

San áireamh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018 tá an caiteachas fáilteachais a leanas. Is ionann sin agus na méideanna a d'íoc an RSA le Club Spóirt agus Sóisialta na Foirne. Léirítear leis an bhfigiúr inchomparáide do 2017 na ranníocaíochtaí a rinneadh in 2016 agus in 2017 araon toisc nach ndearnadh aon ranníocaíocht in 2016.

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne | 6,416 | 10,091 |
| Fáilteachas cliant | - | - |
| **Méid iomlán a caitheadh** | **6,416** | **10,091** |

## Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an chóid a chinntiú. Chomhlíon an RSA an Cód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ina iomláine le haghaidh 2018.

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Raon Feidhme na Freagrachta
Ar son an RSA, aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Téann an fhreagracht sin i ngleic le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh
Tá córas an rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas é a dhíothú. Ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar leis an gcóras, mar sin, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear earráidí nithiúla nó neamhrialtachtaí nó go ndéantar iad a bhrath ar bhealach tráthúil.

Bhí córas an rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh den RSA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### An Cumas chun Riosca a Láimhseáil
Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag an RSA lena gcuimsítear ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta comhthofa neamhspleách seachtrach amháin. Bhuail an CIR le chéile cúig huaire in 2018.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an RSA freisin a bhfuil go leor acmhainní aici agus a dhéanann clár oibre atá comhaontaithe leis an CIR.

Tá a chreat bainistíochta riosca, a bhfuil tuairisciú riosca cuimsithe aige dá réir sin mar mhír bhuan ar chlár cruinnithe ag cruinnithe de chuid an Bhoird agus na Ceannaireachta feidhmiúcháin, curtha i bhfeidhm ag an RSA. Leanfar den Chreat bainistíochta riosca a fhorbairt in 2019.

### Creat Riosca agus Rialaithe
Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shainiúla a mhaolú. Deimhnímse go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó uile a dhoiciméadú
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá rialuithe párolla láidre i bhfeidhm

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun próisis rialaithe a mhonatóiriú. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a fheidhmiú agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina ndearnadh freagracht as bainistíocht airgeadais a shannadh.,
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht i gcoinne réamhaisnéisí buiséid.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an RSA chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus dearbhaím gur chomhlíon an RSA na nósanna imeachta sin le linn 2018, gan cúig chonradh san áireamh ag a raibh caiteachas €1.3m in 2018.

- Tháinig deireadh leis an gcéad chonradh díobh siúd i mí an Mhárta 2018 - cuireadh €36k leis na speansais in 2018 maidir leis an gconradh sin.
- Reáchtáil an RSA comórtas maidir leis an dara conradh díobh siúd, in 2018, ach bhí air deireadh a chur leis an bpróiseas sin áfach. Tá comórtas nua do na seirbhísí sin á reáchtáil faoi láthair agus táthar ag súil go mbronnfar an conradh faoi Mheán Fómhair 2019- cuireadh €0.41m leis na speansais in 2018 i leith an chonartha sin.
- Maidir leis an tríú conradh, agus €0.31m íoctha in 2018, mar chuid de Straitéis TFC an RSA, tá tionscadal ar siúl lena bhfuil sé ar intinn ag an RSA aistriú ón réiteach reatha go réiteach sainseirbhísí. Toisc gur teicneolaíocht réasúnta nua í an réiteach sainseirbhísí sin, táthar ag súil go ndéanfar an réiteach reatha a mheas dá imharthanacht do phróiseas tairisceana nó d'aistriú go creat OSR, má bheidh ceann ar fáil, faoi Mheitheamh 2020.
- Tá an dá chonradh eile atá fágtha faoi bhainistíocht an RSA agus déanfar iad a chéimniú amach mar chuid de chur chun feidhme Threochlár TFC an RSA maidir le hArdán Seirbhíse Gnó (ASG) nua a fhorbairt, féach ar nóta 19.
  - Tá sé beartaithe go dtiocfaidh deireadh le ceann amháin de na conarthaí sin nuair a bheidh an ASG seolta, seoladh atá sceidealaithe roimh dheireadh 2019 agus tá caiteachas €0.17m ag baint leis in 2018
  - Tá sé beartaithe go dtiocfaidh deireadh leis an gconradh eile tar éis ascnamh a sheirbhísí go dtí an ASG faoi Mheán Fómhair 2020. Leis an gconradh sin cuireadh €0.38m leis na speansais in 2018.

Tá an RSA diongbháilte maidir leis an réimse sin neamhchomhlíontachta maidir le soláthar poiblí a réiteach trí bhearta a dhéanamh chun deireadh a chur lena spleáchas ar chonarthaí oidhreachta, i réimse na TFC go háirithe, ach ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach rialaithe céimnithe chun soláthar seirbhísí criticiúla a choimeád.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an RSA chun éifeachtúlacht a chuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh de chuid an RSA a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ag an CIR a dhéanann a gcuid oibre a mhaoirsiú agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den RSA atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain 2018.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach maidir le 2018 óna dteastaíonn nochtadh sna Ráitis Airgeadais, cé is móite de na saincheisteanna soláthair a nochtadh thuas.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | 139,000 | 139,000 |
| Acmhainní eile | 3 | 80,082,724 | 74,402,486 |
| Glanmhaoiniú pinsin iarchurtha | 5(c) | 5,287,000 | 4,483,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe a tarchuireadh | 5(a) | (412,000) | (364,000) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní | | 14,600 | 23,177 |
| **Ioncam Iomlán** | | **85,111,324** | **78,683,663** |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair agus costais eile pá | 4(a) | (22,387,903) | (20,445,008) |
| Costais sochair scoir | 5(a) | (5,546,227) | (4,825,188) |
| Comhairle theicniúil | 6 | (553,932) | (375,858) |
| Costais riaracháin | 7 | (8,186,311) | (8,056,910) |
| Costais chláir | 8 | (47,448,525) | (42,994,324) |
| Dímheas | 9 | (5,732,541) | (4,537,165) |
| **Caiteachas Iomlán** | | **(89,855,439)** | **(81,234,453)** |
| **(Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí** | | **(4,744,115)** | **(2,550,790)** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (4,773,088) | (1,568,302) |
| **(Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithreasaí** | | **(9,517,203)** | **(4,119,092)** |
| **An t-iarmhéid a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir** | | **25,091,534** | **29,210,626** |
| **An t-iarmhéid a tugadh anonn amhail an 31 Nollaig** | | **15,574,331** | **25,091,534** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **(Easnamh) don bhliain** | | **(9,517,203)** | **(4,119,092)** |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | | (4,580,000) | (7,575,000) |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhunús leis an luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | | 8,118,000 | (4,435,000) |
| **Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain** | **5(b)** | **3,538,000** | **(12,010,000)** |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | (3,538,000) | 12,010,000 |
| **(Caillteanas) Cuimsitheach eile don bhliain** | | **(9,517,203)** | **(4,119,092)** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 9 | 15,047,729 | 10,274,641 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 10 | 1,656,619 | 1,677,029 |
| Réamhíocaíochtaí | 11 | 211,667 | 368,954 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 30,324,443 | 38,439,076 |
| | | 32,192,729 | 40,485,059 |
| **Dliteanais Reatha (suim dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 12 | (16,618,398) | (15,393,525) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 15,574,331 | 25,091,534 |
| **Dliteanais Fhadtéarmacha (suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin)** | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Sócmhainn mhaoiniúcháin sochair scoir iarchurtha | 5(c) | 93,297,000 | 91,263,000 |
| Oibleagáidí sochair scoir | 5(b) | (93,297,000) | (91,263,000) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais** | | **30,622,060** | **35,366,175** |
| **Lena léirítear** | | | |
| Cuntas Caipitil | 13 | 15,047,729 | 10,274,641 |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 19 | 15,574,331 | 25,091,534 |
| | | **30,622,060** | **35,366,175** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid
# don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Easnamh don bhliain roimh leithreasaí | (4,744,115) | (2,550,790) |
| Dímheas sócmhainní seasta | 5,732,541 | 4,537,165 |
| Brabús ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | (14,600) | (23,177) |
| Laghdú ar infháltais | 176,251 | 196,326 |
| Méadú ar shuimeanna iníoctha | 1,227,619 | 1,738,555 |
| Ús bainc faighte | (677) | (696) |
| Ús bainc Íoctha | 23,426 | 14,819 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **2,400,445** | **3,912,202** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíocht chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | (10,505,629) | (6,137,490) |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 14,600 | 55,200 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(10,491,029)** | **(6,082,290)** |
| **Sreabhadh airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais** | | |
| Ioncam ús bainc | 2,122 | 2,142 |
| Costas ús bainc | (26,171) | (17,053) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **(24,049)** | **(14,911)** |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | **(8,114,633)** | **(2,184,999)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir | 38,439,076 | 40,624,075 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | **30,324,443** | **38,439,076** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an RSA leagtha amach thíos. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

### *a) Faisnéis Ghinearálta*

Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, agus tá ceannoifig aige i bPáirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Bunaíodh príomhchuspóirí an RSA faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 an 1 Meán Fómhair 2006. Is comhlacht corparáideach é an RSA le comharbas suthain agus le séala agus an chumhacht chun agra a dhéanamh agus bheith agartha ina ainm corparáideach, agus talamh nó leas i dtalamh a shealbhú, a choinneáil agus a dhiúscairt, agus aon réadmhaoin eile a shealbhú, a choinneáil agus a dhiúscairt. Is comhlacht reachtúil é a thuilleann ioncam nach ón státchiste é ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal mar aon le hioncam eile ó dheontas státchiste ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Nóta 2).

Is Eintiteas Sochair Phoiblí é an RSA ar eintiteas é a chuireann seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne, don phobal agus chun leasa shóisialta. Bunaíodh an RSA chun an príomhról a ghlacadh i réimse na sábháilteachta ar bhóithre agus tá sé freagrach astu seo a leanas: múscailt feasachta ar shábháilteacht ar bhóithre agus í a chur chun cinn trí fheachtais na n-ilmheán agus trí chláir oideachais; taighde ar shábháilteacht ar bhóithre agus a chuid príomhsheirbhísí poiblí lena n-áirítear tástáil tiománaithe, ceadúnú tiománaithe, caighdeáin feithiclí, tástáil feithiclí (tástáil náisiúnta gluaisteán agus tástáil feithiclí tráchtála araon), forfheidhmiú tarlaithe bóthair, clárú teagascóirí tiománaithe (ADI) agus Teastas Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil (CPC Tiománaí). Roinneann an RSA an fhreagracht as an *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 – 2020* le ranna stáit agus údaráis phoiblí áirithe nach mór dóibh oibriú le chéile, agus leis an bpobal a úsáideann na bóithre chun na cuspóirí agus na torthaí a chur i gcrích atá leagtha amach sa straitéis sin.

### *b) Ráiteas Comhlíontachta*

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an RSA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d’eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an FRC). Tá an RSA ag oibriú agus an Cód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) á chomhlíonadh aige in 2018.

### *c) Bonn an Ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006. Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus déileáil á déanamh le míreanna a mheastar ábhartha do ráitis airgeadais an RSA.

### *31 (d) Ioncam*

**Deontas ón Oireachtas**
Is iondúil gurb ar bhonn fabhraithe a aithnítear ioncam; is eisceacht amháin ón riail sin an cás de Dheontais ón Oireachtas a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

**Ioncam agus Costas Úis**
Déantar Ioncam agus Costas Úis a aithint ar bhonn fabhraithe.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar leanúint)

**Ioncam Eile**
Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe do shruthanna ioncaim, lena n-áirítear táillí do thástálacha tiomána, Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán agus Tobhach na Tástála Feithiclí Tráchtála, toisc gurb ann don phointe aitheantais ioncaim nuair a bhíonn an tástáil críochnaithe. Aithnítear ar bhonn fáltas airgid an t-ioncam ó tháillí le haghaidh cártaí digiteacha tacagraif, ceadúnais tiomána agus clárúcháin teagascóirí tiomána formheasta de bharr na mbac córasach a chuireann cosc ar aitheantas ar bhonn fabhraithe. Tá an RSA i dteideal sciar de na brabúis a dhéanann soláthraí seirbhíse na Tástála Náisiúnta Gluaisteán. Aithnítear na brabúis sin nuair is dóchúil go mbeidh sochar eacnamaíoch ann agus is féidir an sochar sin a thomhas go cruinn.

## *e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh*

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú maidir le haon fhoráil do bhearnú. Déanfar foráil do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | (i) | Feabhsúcháin Léasachta | 5% in aghaidh na bliana |
| 5. | (ii) | Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| 6. | (iii) | Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |
| 7. | (iv) | Crua-earraí TFC | 33% in aghaidh na bliana |
| 8. | (v) | Bogearraí Feidhmchláir | 33% in aghaidh na bliana |

Léirítear le luach iarmharach an mhéid mheasta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d’aois agus de bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú maidir le luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

## *f) Sochair Fostaithe*

**Sochair Ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr suimeanna iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar leanúint)

### g) *Sochair Scoir*

**Pinsin Foirne**

Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse

Amhail an 31 Nollaig 2018, tá 77 ball foirne de chuid an RSA páirteach i scéim aoisliúntais na státseirbhíse agus níl dliteanais phinsin do na baill foirne sin san áireamh i ráitis airgeadais an RSA. Déanann an RSA ranníocaíochtaí pinsin de chuid na 77 ball foirne sin a íoc leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ní bhíonn aon oibleagáidí eile ar an RSA ina dhiaidh sin i leith daoine ar baill den scéim iad.

Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ('Scéim Aonair')

Ina theannta sin, oibríonn an RSA Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ('an Scéim Aonair'), ar scéim í le sochar sainithe do státseirbhísigh inphinsin phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí 31 ball den scéim sin ann amhail an 31 Nollaig 2018.

Cuntasaíocht Phinsin do Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí Aonair ('Scéim Aonair')

Léirítear sna ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn ó oibleagáidí Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA agus aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann na fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid. Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe comhairle don RSA go meastar an RSA le bheith ina Údarás Ábhartha de réir mar atá leagtha amach in Imlitir 28 2016. Cinneadh é sin mar meastar an RSA le bheith féinmhaoinitheach maidir le ranníocaíochtaí fostaithe do bhaill Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí de réir na hImlitreach sin.

Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Foráiltear le hAlt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 go mbunóidh an RSA Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA (an Scéim). I mí Iúil 2013, d'fhormheas an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Scéim, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá Ballraíocht sa Scéim ar oscailt do bhaill foirne a chuaigh isteach trí chomórtas seachtrach agus trí bhealaí eile ó Mheán Fómhair 2006. Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí 183 ball foirne de chuid an RSA ina mbaill ghníomhacha den Scéim. Tá 15 ball iarchurtha agus 19 pinsinéirí den Scéim ann freisin. Feidhmíonn an Scéim ar an mbonn go n-asbhaineann an RSA ranníocaíochtaí pinsin foirne as an bpárolla agus go n-íocann sé na ranníocaíochtaí sin leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tar éis di dul i mbun díospóireachta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dheimhnigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, go leanfaidh an státchiste de dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA a sheasamh ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, chomh fada agus a bheidh an Scéim i bhfeidhm. Is é a tharlaíonn faoin gcóras 'íoc mar a théitear' ná go n-íoctar sochair na Scéime ó ioncam reatha státchiste nuair a bhíonn siad dlite.

Scéim Aoisliúntais na Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta 1991 go 2000

Agus tús á chur leis fuair an RSA 6 pinsinéirí trí oidhreacht a chuaigh isteach san RSA nuair a rinneadh an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta a dhíscaoileadh. Tugtar maoiniú ón státchiste gach bliain don Údarás chun freastal ar na hoibleagáidí pinsin nuair a bhíonn siad dlite.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar leanúint)

### *h) Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla agus Meastacháin*

Chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdiú a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Fágann nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**
Rinne na stiúrthóirí saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta a athbhreithniú, agus go háirithe, saolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tháinig siad ar an tuairim go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

**Oibleagáid Sochair Scoir**
Déantar na toimhdí is bunús le luachanna achtúireacha dá ndéantar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochtaí costais chúram sláinte) a nuashonrú gach bliain, bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí ardcháilíochta corparáide
- leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo

## 2. Deontais ón Oireachtas

Tá an Deontas Oireachtais de €139,000 don RSA íoctha ó Fhotheideal B4 den Vóta Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. In 2018 agus 2017, tugadh an Deontas Oireachtais sainiúil don RSA, de €139,000 in aghaidh na bliana, chun na híocaíochtaí pinsin bliantúla a sheasamh do phinsinéirí a d'aistrigh chuig an RSA nuair a rinneadh an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta a dhíscaoileadh. Tá an méid a íocadh leis na pinsinéirí i Nóta 4. Cuireadh an dualgas ar an RSA na sochair pinsin a íoc, ach ní thagann aon fhabhrú dliteanas chun cinn, áfach, mar sheasfaidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt na hoibleagáidí nuair a bheidh siad dlite.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

(ar leanúint)

## 3. Acmhainní Eile

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | 26,390,373 | 21,243,841 |
| Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán | 21,581,167 | 21,709,292 |
| Ioncam Táillí ó Thástáil Tiománaithe | 15,337,396 | 14,692,754 |
| Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | 14,970,794 | 14,772,500 |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | 908,790 | 899,055 |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | 295,451 | 287,033 |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | 252,605 | 400,307 |
| Ioncam ó Urraíocht | 82,000 | 82,000 |
| Ioncam Ús Bainc | 676 | 2,141 |
| Ilghnéitheach | 263,472 | 313,563 |
| | **80,082,724** | **74,402,486** |

Is comhlacht reachtúil é an RSA a thuilleann ioncam ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal. Leagtar amach na príomhfhoinsí ioncaim thíos.

| Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Ioncam ó Thástálacha Tiománaithe agus Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | Tá freagracht ag an RSA as tástáil tiománaithe agus as eisiúint agus athnuachan ceadúnas tiomána. Díorthaítear an t-ioncam sin ó tháillí a íocann tiománaithe as tástáil tiomána a dhéanamh nó as ceadúnas tiomána a fháil / a athnuachan. Tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar cheadúnas tiomána in 2018, mar gheall ar cheadúnais 10 mbliana a athnuachan a bhaineann go díreach le 10 mbliana a bheith caite ó bhí borradh ar líon na dtástálacha tiomána in 2008. |
| Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán agus Tobhach na Tástála Feithiclí Tráchtála | Faigheann an RSA ioncam tobhaigh bunaithe ar an líon gluaisteán agus feithiclí tráchtála a thástáiltear. Bailíonn an soláthraí seirbhíse conraithe an táille chomhlán nuair a dhéantar an tástáil agus íoctar cuid den táille tástála go míosúil i riaráistí don RSA. Laghdaíodh an tobhach a fhaightear maidir leis an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán mar gheall ar laghdú in aois an fhlít náisiúnta. In 2018, is é láimhdeachas an chonraitheora sheachfhoinsithe a fheidhmíonn an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán ná thart ar € 71.3m (2017: € 71.8m) agus as sin fuair an RSA € 21.6m (2017- € 21.7m) mar ioncam tobhaigh. Leanann an RSA le hioncam Tobhaigh Tástála Feithiclí Tráchtála a aithint in 2018. |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | Tá freagracht ag an RSA as forfheidhmiú reachtaíochta maidir le huaireanta tiománaithe. Faigheann an RSA ioncam ó tháillí nuair a eisíonn sé cárta leictreonach tacagraif dhigitigh do tharlóirí chun uaireanta tiománaithe a thaifeadadh. |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | Tá freagracht ag an RSA as rialú an tionscail Teagascóirí Tiomána. Faigheann an RSA ioncam tobhaigh nuair a chláraíonn agus a thástálann siad teagascóir tiomána. |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | Tá freagracht ag an RSA as iompar earraí contúirteacha a rialú. Faigheann an RSA ioncam ó tháillí nuair a chláraíonn sé tarlóir Iompair Earraí Contúirteacha. |

# 4. Luach Saothair agus Costais Pá Eile

## 4(a) Luach Saothair agus Costais Pá Eile

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Tuarastail Foirne | 17,703,396 | 16,415,459 |
| Ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach | 1,394,726 | 1,255,572 |
| Oiliúint agus forbairt foirne | 278,190 | 238,957 |
| Taisteal agus cothú foirne – Intíre | 2,650,795 | 2,196,933 |
| Taisteal agus cothú foirne – Eachtrach | 54,586 | 48,257 |
| Costais eile foirne | 89,197 | 112,519 |
| Luachanna saothair na gcomhaltaí boird (lena n-áirítear luach saothair an POF) | 217,013 | 177,311 |
| **Iomlán** | **22,387,903** | **20,445,008** |

Níl na costais tuarastail a bhaineann le triúr bainisteoirí tionscadail a bhfuil a gcostais caipitlithe, i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta lena nglactar go ginearálta, dar luach €144,883, san áireamh leis na costais thuas. Asbhaineadh asbhaintí a bhaineann le pinsin dar luach iomlán € 714,678 as tuarastail agus pá agus íocadh iad leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le 2018 (2017 - € 666,740). B'ionann líon iomlán na foirne a bhí fostaithe (CL - Coibhéis Lánaimseartha) ag deireadh na bliana agus 377.3 (2017 - 328). Mar gheall ar smachtbhanna de chuid an RCPA, earcaíodh 45 thástálaí tiománaithe sa bhreis sa dara leath de 2018 chun ullmhú le haghaidh an bhorrtha réamh-mheasta ar líon na n-iarratas ar thástáil tiomána tar éis achtú reachtaíochta nua a bhfuil tionchar aici ar thiománaithe faoi oiliúint, a cumhdaíodh go sonrach le leasú ar an mBille um Thrácht ar Bhóithre an 22 Nollaig 2018. Thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus CIÉ 3 (2017 – 3) ball foirne eile ar iasacht don RSA.

### (i) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Sochair gearrthéarmacha foirne | 17,920,409 | 16,592,770 |
| Ranníocaíochtaí fostóra le leas sóisialach | 1,394,726 | 1,255,572 |
| | **19,315,135** | **17,848,342** |

### (ii) Sochair gearrthéarmacha foirne

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Bunphá | 16,413,578 | 15,242,796 |
| Ragobair | 1,023,714 | 968,706 |
| Liúntais | 483,117 | 381,268 |
| | **17,920,409** | **16,592,770** |

### (iii) Sochair Foirceanta

Níor thabhaigh an RSA aon chostais maidir le sochair foirceanta in 2018.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

(ar leanúint)

## 4. Luach Saothair agus Costais Eile Pá (ar leanúint)

### *4(b) Miondealú ar shochair fostaithe don bhliain*

| **Raon na sochar fostaithe iomlán** Ó | Go | Líon na bhFostaithe 2018 | Líon na bhFostaithe 2017 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | – €69,999 | 58 | 46 |
| €70,000 | – €79,999 | 20 | 16 |
| €80,000 | – €89,999 | 2 | 7 |
| €90,000 | – €99,999 | 5 | 4 |
| €100,000 | – €109,999 | 2 | - |
| €110,000 | – €119,999 | 1 | - |
| €120,000 | – €129,999 | - | - |
| €130,000 | – €139,999 | - | 1 |
| €140,000 | – €149,999 | - | - |
| €150,000 | – €159,999 | 1 | - |

San áireamh le sochair fostaithe, tá tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann na bhfostaithe, ach ní chuirtear ÁSPC an fhostóra san áireamh leo, áfach.

### *4(c) Cúiteamh do Phríomhphearsanra Bainistíochta*

Cuimsítear le príomhphearsanra bainistíochta san RSA comhaltaí an Bhoird, an POF, na cúigear stiúrthóirí agus príomhinnealtóir. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos.

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 829,297 | 616,405 |
| Liúntais | 1,691 | 3,555 |
| | **830,988** | **619,960** |

Baineann an ghluaiseacht bliain ar bhliain le pearsanra sa bhreis ag dul leis an bPríomhphearsanra Bainistíochta in 2018, chomh maith le harduithe céime, aischur pá agus arduithe pá in 2018.

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA, Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse nó Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí. Ní théann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

**Luachanna Saothair na gComhaltaí Boird**

Féach an Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas atá san áireamh leis an Ráiteas ar Rialachas agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird le haghaidh sonraí faoi Luachanna Saothair na gComhaltaí Boird.

# 4. Luach Saothair agus Costais Eile Pá (ar leanúint)

**Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**
Seo a leanas an pacáiste luacha saothair a bhí ag an POF don tréimhse airgeadais:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 156,519 | 132,366 |
| | **156,519** | **132,366** |

Baineann an méadú bliain ar bhliain ar phacáiste luach saothair an POF le haischur pá agus arduithe pá in 2018, i gcomhréir le gach imlitir maidir le párolla.

Tá an POF ina ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí agus ní théann a cuid teidlíochtaí níos faide ná téarmaí na scéime pinsin sin. Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse.

# 5. Costais Sochair Scoir

## *5(a) Anailís ar chostais sochair scoir iomlána a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe*

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Glanchostas seirbhíse reatha | 4,215,000 | 3,556,000 |
| Lúide costas seirbhíse reatha bhaill SPSPS (Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí) | (285,000) | 200,000 |
| Ranníocaíochtaí na mball | (412,000) | (364,000) |
| Ranníocaíochtaí fostaithe le Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí | 388,227 | 419,188 |
| Costas úis ar dhliteanais scéime sochair scoir | 1,640,000 | 1,414,000 |
| | **5,546,227** | **4,825,188** |

## 5. Costais Sochair Scoir (ar leanúint)

### 5(b) Gluaisteacht in oibleagáidí sochair scoir glana i rith na bliana airgeadais

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair scoir ghlan amhail an 1 Eanáir | (91,263,000) | (74,570,000) |
| Costas seirbhíse reatha | (4,215,000) | (3,556,000) |
| Costas úis | (1,640,000) | (1,414,000) |
| Caillteanas achtúireach | 3,538,000 | (12,010,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | 283,000 | 287,000 |
| **Oibleagáid sochair scoir ghlan amhail an 31 Nollaig** | **(93,297,000)** | **(91,263,000)** |

### 5(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Bord na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamhmhaoinithe iarchurtha do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí a gcuirtear síos orthu thíos anseo ag 5(e) agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na n-imeachtaí sin bhí an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Tá deimhniú ag an mBord ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go leanfaidh an státchiste de dhliteanais faoin Scéim a sheasamh ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, chomh fada agus a bheidh an Scéim i bhfeidhm.

Ba é an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe mar a leanas:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála i leith chostais sochar scoir na bliana reatha (lúide coigeartú don SPSPS) | 5,570,000 | 4,770,000 |
| Deontas an Stáit curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (283,000) | (287,000) |
| | **5,287,000** | **4,483,000** |

Is í an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha do shochair scoir amhail an 31 Nollaig 2018 € 93.297m (2017 - €91.263m).

### 5(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 93,297,000 | 91,263,000 | 74,303,000 | 54,521,000 |
| (Caillteanas)/gnóthachan ó thaithí ar dhliteanas scéime sochair shainithe | (4,580,000) | (7,575,000) | (2,915,000) | 1,826,000 |
| Mar chéatadán de dhliteanais scéime | (4.9%) | (8.3%) | (3.9%) | 3.3% |

## 5. Costais Sochair Scoir (ar leanúint)

### *5(e) Cur síos ginearálta ar an scéim*

Is socrú pinsin le sochar sainithe bunaithe ar thuarastal inphinsin deiridh é an scéim sochair scoir le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe le tagairt do rialacháin reatha scéim 'eiseamláireach' na hearnála poiblí. Leis an scéim soláthraítear pinsean (ar 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é), aisce nó cnapshuim (ar 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é) agus pinsin do chéilí agus do pháistí. Is é an gnáthaois scoir breithlá 65 bliana an bhaill, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 62 bhliain d'aois. Méadaítear pinsin in íocaíocht (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú tuarastail na hearnála poiblí de ghnáth.

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 1 Feabhra 2019, agus ceanglais FRS á gcur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2018.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | 3.4% sa bhliain | 3.4% sa bhliain |
| Ráta an mhéadaithe i dtaobh sochair scoir á n-íoc | 1.9% sa bhliain | 1.9% sa bhliain |
| Ráta lascaine | 2.15% sa bhliain | 1.8% sa bhliain |
| Ráta Boilscithe | 1.9% sa bhliain | 1.9% sa bhliain |

Tá athrú ar an ráta lascaine bliain ar bhliain mar gheall gur tugadh aghaidh ar shaincheist a bhaineann le torthaí banna corparáide a dhíorthú ag an tréimhse níos faide toisc go bhfuil easpa bannaí ag an gceann fada. Chun aghaidh a thabhairt air sin, baineadh úsáid as comhchuar bannaí rialtais AA-aicmithe, agus cuireadh lamháil leis chun déileáil leis an difríocht idir bannaí corparáide agus bannaí rialtais.

**Básmhaireacht**

Ba iad na táblaí básmhaireachta seo a leanas a úsáideadh;

| | Fireann | Baineann |
|---|---|---|
| Básmhaireacht roimh scor | PMA 92 c 2020 | PMA 92 c 2020 |
| Básmhaireacht i ndiaidh scoir | PMA 92 c 2025 < 1 bl | PMA 92 c 2025 < 1 bl |

Bunaithe ar na táblaí sin, seo a leanas an t-ionchas saoil ag aois 65:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Fireann | 22 bhliain d'aois | 22 bhliain d'aois |
| Baineann | 25.1 bliain | 25 bliana d'aois |

## 6. Comhairle Theicniúil

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle Theicniúil | 553,932 | 375,858 |
| **Iomlán** | **553,932** | **375,858** |

Le costais chomhairleachta caighdeán feithiclí go príomha a bhaineann an chomhairle seo. Baineann an ghluaiseacht ardaithe bliain ar bhliain le méadú ar líon na dtionscadal Caighdeán Feithiclí a gcuireadh tús leo in 2018.

## 7. Costais Riaracháin

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Clódóireacht agus Stáiseanóireacht | 659,622 | 519,075 |
| Postas | 225,331 | 260,531 |
| Costais Bainistíochta Saoráidí | 1,135,301 | 1,019,400 |
| Fuinneamh | 214,501 | 182,764 |
| Costais Teileafóin agus Malartaithe Sonraí | 675,299 | 564,088 |
| Costais Bogearraí, Ceadúnaithe agus Tacaíochta | 1,708,127 | 1,781,489 |
| Cothabháil Crua-earraí | 200,872 | 285,105 |
| Táillí Iniúchóireachta | 31,000 | 30,000 |
| Táillí Iniúchta Inmheánaigh | 90,478 | 42,959 |
| Riarachán Párolla | 42,794 | 43,331 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 16,557 | 42,572 |
| €’000 | 37,761 | 45,270 |
| Cothabháil an tSuímh Ghréasáin | 26,045 | 16,962 |
| Muirir ar Idirbhearta Airgeadais | 197,910 | 186,318 |
| Costas Ús Bainc | 26,171 | 17,053 |
| Costais um Chíos ar Shaoráidí | 753,730 | 510,512 |
| Costais Bainistíochta Flít | 206,317 | 179,203 |
| Costais Riaracháin AD | 68,266 | 82,764 |
| Costais um Bainistíocht Faisnéise ó Thaifid Sonraí | 33,519 | 611,645 |
| Treochlár TFC | - | 164,897 |
| Oifig Bainistíochta Tionscadail | 405,221 | 568,020 |
| Bainistíocht Athruithe | 1,431,489 | 902,952 |
| **Iomlán** | **8,186,311** | **8,056,910** |

In 2018, bhí méadú suntasach ar chostais um bainistíocht athruithe bliain ar bhliain a fritháiríodh ag laghdú suntasach ar Chostais um Bainistíocht Faisnéise ó Thaifid Sonraí bliain ar bhliain. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach an tuairisc faoi chostais chomhairleachta sa Tuarascáil Rialachais agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird.

## 8. Costais Chláir

| | | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| (a) | Tástáil ar Theoiric Tiomána | 375,923 | 213,968 |
| (b) | Forfheidhmiú & Cumarsáid um Tharlú Bóthair | 1,735,378 | 1,317,472 |
| (c) | An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán | 2,475,920 | 1,462,446 |
| (d) | Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre | 5,139,188 | 6,161,322 |
| (e) | Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre | 1,511,875 | 1,741,081 |
| (f) | Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 3,773,977 | 3,589,489 |
| (g) | Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 447,173 | 648,218 |
| (h) | Oideachas Tiománaithe | 888,253 | 641,541 |
| (i) | Táillí Dlí | 928,344 | 708,367 |
| (j) | Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála | 2,782,380 | 2,641,169 |
| (k) | Tástáil Tiománaithe | 347,643 | 143,217 |
| (l) | Beartas & Próiseas um Cheadúnais Tiomána a Fheabhsú | 734,883 | 439,182 |
| (m) | Cumarsáid | 1,245,386 | 1,317,237 |
| (n) | An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána | 24,333,361 | 20,983,474 |
| (o) | Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála | 28,832 | 28,394 |
| (p) | Costais an Chláir um Thacagraif Dhigiteacha | 616,917 | 548,667 |
| (q) | Costais Chlár Eile | 83,092 | 409,080 |
| | **Iomlán** | **47,448,525** | **42,994,324** |

## 8. Costais Chlár (ar leanúint)

a. Seo an costas a bhaineann le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar bhunachar Ceisteanna Tástála na Seirbhíse um Thástáil Teoirice Tiomána agus é a nuashonrú, chomh maith le hiarratas ar athrú a dhéanamh ar an riachtanas éigeantach go mbeidh cárta seirbhísí poiblí ag iarrthóir. Bhain an costas inchomparáide in 2017 leis an gcostas a bhain le deimhnithe teoirice tiomána a lannú, próiseas ar cuireadh deireadh leis i Meitheamh 2017.

b. Is iad seo na costais a bhaineann leis an gclár forfheidhmithe lena n-áirítear maoirseacht, iniúchtaí teicniúla agus costais chumarsáide.

c. Seo é an costas a bhaineann le maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán, baineann an ghluaiseacht bliain ar bhliain leis an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna a athligean.

d. Is clár é an clár um chur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre trína gcuireann an RSA sábháilteacht ar bhóithre chun cinn ar bhonn leanúnach agus uirlisí margaíochta agus cumarsáide á n-úsáid lena n-áirítear fógraíocht d'fhonn foghlaim leanúnach do gach úsáideoir bóithre a chinntiú.

e. Is clár é an clár um oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre d'úsáideoirí bóithre a chur ar fáil suas go dtí an tríú leibhéal trí raon feachtas oideachais sainfhorbartha.

f. Is clár dírithe é an clár um fheasacht ar shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar ghrúpaí ar leith d'úsáideoirí bóithre chun iad a chur ar an eolas faoi shábháilteacht ar bhóithre trí mhodhanna éagsúla amhail úsáid an tointeálaí agus teachtaireachtaí faoi shábháilteacht ar bhóithre a aistriú go roinnt teangacha.

g. Seo an costas a bhaineann le tabhairt faoi chláir thaighde maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

h. Is caiteachas cláir é Oideachas Tiománaithe a bhaineann le tionscal na dTeagascóirí Tiomána Formheasta a rialáil. Cuimsítear leis freisin reáchtáil an chláir de Theastais Tiománaithe um Inniúlacht Ghairmiúil maidir le tiománaithe busanna agus leoraithe gairmiúla.

i. Is táillí dlí iad seo a thabhaítear maidir le cláir an RSA lena n-áirítear an clár Tástála Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála, clár na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána agus gach clár eile.

j. Baineann an costas seo le feidhmiú chlár Tástála Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála.

k. Is é seo an costas a bhaineann le feabhsuithe ar an gclár Tástála Tiománaithe a bhaineann leis na tástálacha teoirice tiomána agus tiomána praiticiúla, go háirithe forbairt ábhar siollabais.

l. Baineann an clár seo le caiteachas i bhforbairt agus feabhsú na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána.

m. Tabhaíonn an RSA costas maidir lena ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceannach meán, cruthaíocht meán agus caidreamh poiblí. Cuimsíonn sé chomh maith gníomhaíocht an RSA sna meáin shóisialta.

n. Baineann an caiteachas cláir seo le costais feidhmiúcháin na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána agus áirítear leis costas táirgthe an chárta, líonra gníomhaireachta agus míreanna próiseála cúloifige na seirbhíse ceadúnais. Tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas in 2018, mar gheall ar cheadúnais 10 mbliana a athnuachan a bhaineann go díreach le 10 mbliana a bheith caite ó bhí borradh ar líon na dtástálacha tiomána in 2008. Tá méadú tagtha ar an gcostas idirbheartaíochta i gcomhréir leis an méadú seo ar líon na n-iarratas, agus méadú ard ar chostais bliain ar bhliain dá bharr.

o. Is iad seo na costais chláir a bhaineann leis an gCaighdeán Tiomána don tSeirbhís Éigeandála.

p. Is iad seo na costais chláir a bhaineann leis an tseirbhís tacagraif dhigitigh.

q. Baineann costais faoin gceannteideal seo le costais fógraíochta maidir le fógraí um chaighdeáin feithiclí agus tástáil feithiclí.

Ní áirítear sna suimeanna a thaispeántar sa nóta seo costais bhaill foirne an RSA a bhaineann le riar na gclár sin mar ní shanntar costais foirne go heisiach do chláir ar leith agus mar sin de níl sé praiticiúil na costais sin a leithdháileadh.

# 9. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

## *9(a) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh 2018*

| | Léasacht € | Daingneáin & Feistis € | Flít € | Trealamh Speisialtóra/ Teileachumarsáide € | Crua-earraí € | Bogearraí Feidhmchláir € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 1,908,486 | 1,041,276 | 1,493,415 | 561,757 | 3,246,099 | 26,370,857 | 34,621,890 |
| Breiseanna | 1,405,091 | 100,217 | - | - | 143,227 | 8,857,094 | 10,505,629 |
| Diúscairtí | - | - | (91,065) | - | - | - | (91,065) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **3,313,577** | **1,141,493** | **1,402,350** | **561,757** | **3,389,326** | **35,227,951** | **45,036,454** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 324,829 | 959,761 | 990,825 | 561,757 | 2,730,287 | 18,779,790 | 24,347,249 |
| Muirear don bhliain | 123,158 | 32,823 | 179,962 | - | 273,478 | 5,123,120 | 5,732,541 |
| Diúscairtí | - | - | (91,065) | - | - | - | (91,065) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **447,987** | **992,584** | **1,079,722** | **561,757** | **3,003,765** | **23,902,910** | **29,988,725** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **2,865,590** | **148,909** | **322,628** | **-** | **385,561** | **11,325,041** | **15,047,729** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **1,583,657** | **81,515** | **502,590** | **-** | **515,812** | **7,591,067** | **10,274,641** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

(ar leanúint)

## *9(b) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh 2017*

| | Léasacht € | Daingneáin & Feistis € | Flít € | Trealamh Speisialtóra/ Teileachumarsáide € | Crua-earraí € | Bogearraí Feidhmchláir € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | 1,279,798 | 989,763 | 1,656,014 | 561,757 | 2,878,242 | 21,281,425 | 28,646,999 |
| Breiseanna | 628,688 | 51,513 | - | - | 367,857 | 5,089,432 | 6,137,490 |
| Diúscairtí | - | - | (162,599) | - | - | - | (162,599) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **1,908,486** | **1,041,276** | **1,493,415** | **561,757** | **3,246,099** | **26,370,857** | **34,621,890** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | 241,072 | 915,618 | 913,165 | 561,757 | 2,468,587 | 14,840,461 | 19,940,660 |
| Muirear don bhliain | 83,757 | 44,143 | 208,236 | - | 261,700 | 3,939,329 | 4,537,165 |
| Diúscairtí | - | - | (130,576) | - | - | - | (130,576) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **324,829** | **959,761** | **990,825** | **561,757** | **2,730,287** | **18,779,790** | **24,347,249** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **1,583,657** | **81,515** | **502,590** | **-** | **515,812** | **7,591,067** | **10,274,641** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | **1,038,726** | **74,145** | **742,849** | **-** | **409,655** | **6,440,964** | **8,706,339** |

## 10. Infháltais

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Tobhach na Tástála Náisiúnta Gluaisteán | 1,151,893 | 1,155,141 |
| Ús Bainc | - | 1,445 |
| Tobhach Tástála Teoirice Tiomána | 420,566 | 322,098 |
| Táillí Tástála Tiomána | 1,855 | 39,605 |
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | 305 | 76,740 |
| Ioncam ó Urraíocht | 82,000 | 82,000 |
| **Iomlán** | **1,656,619** | **1,677,029** |

## 11. Réamhíocaíochtaí

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| €’000 | 21,042 | 27,074 |
| Ceadúnais Bogearraí | 113,625 | 216,514 |
| Eile | 77,000 | 125,366 |
| **Iomlán** | **211,667** | **368,954** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

(ar leanúint)

## 12. Suimeanna Iníoctha

### Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 3,882,158 | 2,813,716 |
| ÍMAT/ÁSPC | 436,965 | 372,967 |
| Asbhaintí Párolla | 165,545 | 175,350 |
| CBL | 397,341 | 394,399 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 392,022 | 535,775 |
| Fabhruithe | 3,439,517 | 3,228,375 |
| Fabhrú Pá Saoire | 363,331 | 151,369 |
| Ioncam Iarchurtha ó Tháillí Tástála Tiomána | 6,589,582 | 6,461,244 |
| Ioncam Iarchurtha ón Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | 430,817 | 373,952 |
| Aoisliúntas atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 521,120 | 886,378 |
| **Iomlán** | **16,618,398** | **15,393,525** |

## 13. Cuntas Caipitil

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 10,274,641 | 8,706,339 |
| **Aistriú ó Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 10,505,629 | 6,137,490 |
| Diúscairt Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (GLL > €0) | - | (32,023) |
| Amúchadh sócmhainní seasta | (5,732,541) | (4,537,165) |
| **Aistriú chuig an gCuntas Caipitil** | **4,773,088** | **1,568,302** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **15,047,729** | **10,274,641** |

## 14. Ceangaltais Chaipitil

Tá ceangaltais chaipitil ag an RSA maidir lena chonradh sna réimsí seo a leanas:

- Córas Faisnéise um Fheithiclí Tráchtála de réir an chláir athchóirithe um ródacmhainneacht feithiclí tráchtála. Faoin téarma conartha le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 28 Feabhra 2019, tá ceangaltais chaipitil chonarthacha de €0.255m ag an RSA a bhaineann le gné chaipitil íocaíochtaí míosúla na muirear seirbhíse.
- Réitigh a chur ar fáil chun seirbhísí éagsúla roinnt conarthaí a éascú, de réir chlár an Treochláir TFC 2017-2021. Faoin téarma conartha le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Eanáir 2020, tá ceangaltais chaipitil chonarthacha de €2.921m ag an RSA.

Déanfaidh an RSA na ceangaltais sin a sheasamh ó na cúlchistí dá chuid agus ó ioncam amach anseo ó shruthanna éagsúla ioncaim.

## 15. Dliteanais Theagmhasacha

Níl aon dliteanais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2018.

## 16. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an RSA le nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag na comhaltaí dá chuid agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain.

## 17. Áitribh

Áitíonn an RSA an cheannoifig dá chuid i mBéal an Átha mar aon le fo-oifig i mBaile Locha Riach. Is le hOifig na nOibreacha Poiblí na háitribh sin agus níl aon chíos le híoc ag an RSA. Tá 58 n-ionad tástála tiománaithe ag an RSA ar fud na tíre, agus tá 20 díobh sin suite in oifigí a roinntear le ranna rialtais eile, tá 21 cheann suite in áitribh eile de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí agus tá 17 gcinn ar cíos ag an RSA mar shocrú eatramhach. Gearrtar costais seirbhísí comhroinnte ar an RSA i leith na n-ionad siúd atá suite in oifigí a roinntear le ranna rialtais eile.

## 18. Iasachtaí

Le hAlt 13 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ligtear don RSA airgead a fháil ar iasacht le toiliú an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhaontú an Aire Airgeadais chun críocha a chuid feidhmeanna a chur chun feidhme. Ó tionscnaíodh é, níor thabhaigh an RSA aon iasachtaí.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

(ar leanúint)

## 19. An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Ag deireadh 2018, bhí cúlchistí carnacha coinnithe de €15.6m ag an RSA. Leithdháileadh leithdháileachán státchiste dar luach €0.139m don RSA le haghaidh 2018 go sonrach chun íocaíochtaí pinsin i gcomhair pinsinéirí ar a chuntais a sheasamh. Seachas sin, d'fheidhmigh an RSA ar bhonn féinmhaoinitheach in 2018.

D'ullmhaigh an RSA Plean Corparáideach don tréimhse 2016 go 2020 inar thug an RSA achoimre ar an gcaoi a bhfuil sé ar intinn aige infheistiú ina bhonneagar seirbhíse poiblí thar an tréimhse cúig bliana go dtí 2020. Déanfaidh costas an phlean sin cúlchistí an RSA a laghdú go leibhéal inbhuanaithe. D'fhaomh Bord an RSA an Plean Corparáideach agus chuaigh an RSA i dteagmháil agus i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an bplean. In 2017, bhunaigh an RSA Stiúrthóireacht Straitéise, Beartais & Teicneolaíochta, ag a bhfuil freagracht as ailíniú na straitéise corparáidí a sheachadadh trí na nithe a leanas:

- Na tionscnaimh agus tionscadail éagsúla uile a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta atá idir lámha nó ar a bhfuil machnamh á dhéanamh faoi láthair
- Tacaíocht a thabhairt do phleanáil, do bhainistíocht agus do sheachadadh na dtionscadal éagsúil athraithe gnó agus TFC
- Inniúlacht agus cumas a fhorbairt laistigh den Stiúrthóireacht Straitéise, Beartais agus Teicneolaíochta agus den RSA chun an t-athrú a ailíniú agus a sheachadadh

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail chaipitil in 2018 chun Plean Corparáideach an RSA a chur i gcrích agus in 2019 beidh na chéad seirbhísí ar fáil trí thairseach do chustaiméirí an RSA, NDLS ar líne do gach custaiméir, agus córas nua fiosrúcháin, faisnéise agus bainistithe a bheidh i bhfeidhm. Tacóidh na córais nua le seirbhís feabhsaithe do chustaiméirí agus cuirfidh siad feabhas suntasach ar éifeachtacht oibríochtúil. Rinneadh athbhreithniú ar threochlár TFC an RSA in 2018 agus ar fud na 20 tionscadal atá ar siúl faoi láthair agus tá sé ar an mbóthar ceart maidir leis na rudaí a leanas a chur ar fáil:

- ailtireacht iomlánaíoch chomhtháite dhírithe - Ardán Seirbhíse Gnó (ASG) an RSA arb é an príomhchuspóir atá leis ardán um fheidhmiúlacht in-athúsáidte a chur ar fáil ar fud an RSA a thacóidh lenár bplean corparáideach trí bheartas de dhearadh agus de thógáil uair amháin, agus athúsáid go minic a chur i bhfeidhm
- sraith chomhtháite idir feidhmchláir ghnó RSA a thabharfaidh rochtain fíor-ama do chórais ghnó an RSA agus úsáideoirí chun seilbh a ghlacadh ar Shonraí Tiománaithe agus Feithiclí trí fhíorfhoinse amháin faisnéise a chur ar fáil agus tríd an ngá leis na sonraí a chur isteach cúpla uair agus an gá le roinnt scáileán a úsáid chun iad a rochtain a laghdú.
- bunbhonneagar TFC nua bunaithe ar réiteach VX Rail Hyper-Converged Dell lena chur in ionad bhonneagar reatha TFC an RSA, ag tacú le príomh-mholadh straitéise an RSA - Ardán do thodhchaí an RSA.
- Ailtireacht agus ollstór sonraí chun tacú le húsáid éifeachtach sonraí mar bhonn eolais dár ngníomhaíochtaí agus ag díriú ar an riosca is mó.

Tá roinnt gníomhaíochtaí bainistíochta athruithe á gcur i bhfeidhm ar feadh an RSA agus tá próiseas láidir i bhfeidhm ag an RSA chun baint amach an Phlean Chorparáidigh a rianú agus chun rioscaí agus fadhbanna a bhainistiú agus a mhaolú.

## 20. Iar-theagmhais

Ní raibh aon iar-theagmhais intuairiscithe ann a théann i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais ón bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

## 21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an RSA na Ráitis Airgeadais an 26 Meitheamh 2019.

# Eagraíochtaí agus Daoine Aonair a bhfuil Buíochas Tuillte Dóibh

## Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre – Ag Oibriú chun Saolta a Shábháil.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí agus leis na daoine aonair seo a leanas as an tacaíocht a thug siad in 2018:

- AA
- A-CEART
- An Garda Síochána
- Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna)
- Brí
- Bryan Dobson
- Bus Éireann
- An Chomhairle um Thurasóireacht Cóistí & Iompair (CTTC)
- Coca-Cola
- An Coimisiún um Rialáil Iarnróid
- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH)
- Coistí Contae i gCúram Leanaí
- Rothaíocht Éireann
- Cycling.ie
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (Clár Idirbhliana)
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Roinn an Chomhshaoil (TÉ)
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Bus Bhaile Átha Cliath
- Caisleán Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Líonraí BSL
- Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC)
- Cumann Iompar Flít na hÉireann (FTAI)
- CLG
- Clár na Scoileanna Glasa
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.(HSA)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- ÚFT
- Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
- Irish Farmers Journal (IFJ)
- Duaiseanna Lóistíochta agus Iompair na hÉireann (ILTA)
- Aontas Cógaiseoirí na hÉireann
- Iarnród Éireann
- Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA)
- Cumann Íospartaigh Timpistí Bóthair na hÉireann (IRVA)
- Cumann Thionscal Bonn na hÉireann (ITIA)
- Stáisiúin Raidió Áitiúla agus an Preas Áitiúil
- An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS)
- Met Éireann
- Muintir na Tíre
- Fóraim Náisiúnta Phobail
- An Chlároifig Náisiúnta um Míochaine Tráchta
- Stáisiúin Raidió Náisiúnta agus an Preas Náisiúnta
- An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)
- No Name! Clubanna
- Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI)
- Grúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre PARC
- Repak
- Tiománaithe Óga Freagracha (RTD)
- Sábháilteacht ar Bhóithre Éireann
- Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Údaráis Áitiúla
- Comhghrúpaí Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann
- Simon Delaney
- Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI)
- Stayin' Alive at 1.5
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Seirbhís Chúirteanna na hÉireann
- An tÚdarás Póilíneachta
- TISPOL
- Bonneagar Iompair Éireann
- Coláistí Tríú Leibhéal
- Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)
- Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann (VFI)

### Urraitheoirí

- Advance Pitstop
- Applegreen
- Electric Ireland
- Mercedes
- Reynolds Logistics Ltd
- Toyota

sourcedesign.ie

Ag Obair chun Beathaí a Shábháil

**Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre**
**Road Safety Authority**

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo.
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co Mayo, F26 V6E4.

glao áitiúil: 1890 50 60 80 suíomh gréasáin: www.rsa.ie
ríomhphost: info@rsa.ie